



Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Clár Ábhair

1: Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.....	2
2: Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman	3
3: Cúlra agus Rialachas	5
3.1: BALL BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN.....	8
3.2: BALLRAÍOCHT COISTÍ BO&O Phort Láirge agus Loch Garman - 2019.....	10
3.4: FOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA BO&O PHORT LÁIRGE agus LOCH GARMAN	11
4: Achoimre ar Sheirbhísí - 2019	12
5: Oideachas Dara Leibhéil	14
6: Bresioideachas agus Oiliúint.....	15
7: AIRGEADAS	16
8: Spriocanna Straitéiseacha a Chur i bhFeidhm – 2019	17

1: Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Thosaigh mé sa ról mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman i Meán Fómhair 2019, tar éis bheith i mo bhall ar an mBord ó 2014. Ar dtús ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gClr Jim Moore, an Cathaoirleach atá ag éirí as, dá cheannasaíocht agus dá thacaíocht i rith a thréimse mar Chathaoirleach ar BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil 2019 a chur i láthair thar ceann na heagraíochta. Sa tuarascáil seo tá blas le fáil den obair a dhéanann foireann dhíograsach ar fud Phort Láirge agus Loch Garman, agus muid ag déanamh ár ndícheall oideachas agus oiliúint den scoth a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimoirí. Is ábhar bróid é dúthracht na foirne a sholáthraíonn na seirbhísí seo ar bhonn laethúil, agus is eol dúinn an tábhacht a bhaineann leis an ról atá againn teagmháil a dhéanamh le mórán grúpaí agus le daoine aonair ar féidir leo tairbhe a bhaint as ár seirbhísí.

Táim ag scríobh an intreoir seo ag am ina bhfuil an domhan go mór trí chéile de bharr na paindéime COVID-19. Anois, níos mó ná riamh, tuigimid ár riachtanais i leith na bpobal ar a bhfuilimid ag freastal, agus an gá atá ann freagairt go gasta chun go mbeidh téarnamh marthanach ann in Éirinn. Tá ar chumas Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman tacú leis an téarnamh seo agus oibreoimid gan sos gan scíth chun cinnte a dhéanamh de go bhfreastalófar ar riachtanais ár mic léinn agus ár bhfoghlaimoirí.

Tá Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ag leanúint air leis an bpróiseas a chuid pleananna forbartha straitéiseacha a chur i bhfeidhm agus táimid tiomanta an dúshlán a shárú seirbhísí oideachais agus traenála den scoth a chur ar fáil dár réigiún agus do na pobail atá ann trí úsáid a bhaint as cuir chuige nuálacha agus solúbtha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do mo chomhghleacaithe agus do bhaill Bhord Oideachas agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, don fhoireann agus don iliomad páirtithe leasmhara a chuir leis an eagraíocht sna 12 mhí atá díreach caite.

Le gach dea ghuí,

An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy,
Cathaoirleach, Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

2: Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Ba é 2019 deireadh an téarma cúig bliana den chéad Bhord lántréimhse a bhí ag Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. I m’ainmse agus in aimn mo chomhghleacaithe feidhmiúcháin, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Baill an Bhoird a rinne maoirseacht rialachais agus a d’oibrigh linn le cúig bliana anuas chun ár n-eagraíocht a thabhairt chun cinn. Táimid an-bhróidúil as an méid a baineadh amach laistigh de thréimhse ghearr agus, in éineacht le Baill an Bhoird, chuireamar an foghlaimeoir i gcónaí i gcroílár gach rud a rinneamar. Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil leis an gcathaoirleach atá ag éirí as, an Clr Jim Moore, as an ngairmiúlacht a léirigh sé agus as a chuid tacaíochta do Bhord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman i rith na hama seo. Ba mhaith liom freisin aitheantas a

thabhairt don obair mhór atá déanta ag an gClr Michael J O’Ryan, leas-chathaoirleach i rith na tréimhse sin. I Méan Fómhair 2019 bunaíodh an Bord nua. Toghadh an Clr Barbara-Anne Murphy, a bhí ina ball ar an mBord ó bunaíodh Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, mar chathaoirleach don tréimhse cúig bliana, agus toghadh an Clr Lola O’Sullivan mar leas-chathaoirleach. Tá pleananna uailmhianacha ag Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman chun feabhas a chur ar an oideachas agus ar an traenáil ar fud chontae Phort Láirge agus Loch Garman, agus táimid ag tnúth le leanúint orainn ár bPlean Straitéiseach 2018-2022 a chur i bhfeidhm go rathúil le lán tacaíocht ó bhaill nua an Bhoird.

Tharla roinnt mhaith athruithe san eagraíocht le linn 2019. Foilsíodh an Cód Cleachtais nua le haghaidh Rialachais BO&O in Eanáir 2019 (an Roinn Oideachais agus Scileanna CL 0002/2019), agus tá béim nua ann anois maidir le rialachas agus leis an gcomhlíonadh don fhoireann go léir mar aon le Baill an Bhoird. Rinneadh athstruchtúrú ar fheidhmeanna riaracháin BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in 2017 rud a thug foireann Soláthair isteach mar aon le foireann Rialachais agus Comhlíonadh, tá ar ár gcumas ár ndualgais a chomhlíonadh.

Ghlac Eimear Ryan ballraíocht san Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin in 2019 mar Stiúrthóir Scoileanna nuair a chuaigh Eilís Leddy, Oifigeach Oideachais, ar scor. Tharla athruithe suntasacha freisin maidir lenár mbainisteoirí sinsearach, lena n-áirítear príomhoidí agus bainisteoirí FET in 2019. Ceapadh roinnt príomhoidí nua, lena n-áirítear Denise Lennon-Hennessy (Coláiste Selskar Loch Garman), Michael Weafer (Coláiste Kennedy, Ros Mhic Thriúin), Gráinne Ní Lúbaigh, (Meánscoil San Nioclás, An Rinn), Noreen Reilly, (Coláiste Breisoideachais Phort Láirge), Fiona McDonnell (Coláiste Pobail N. Pól, Port Láirge), Bróna Kenneally (Scoil Náisiúnta Phobail Chill na Manach) mar aon le Alan O’ Gorman (Bainisteoir Dearbhú Cáilíochta) agus Liz Duffy (Oifigeach um Oideachas Aosach).

Bhí áthas ar BO&O Phort Láirge agus Loch Garman an chéad Scoil Náisiúnta Phobail a oscailt (agus an chéad cheann in oirdheisceart na hÉireann) i Meán Fómhair 2019. Is céim thábhachtach í oideachas a sholáthar ag an mbun leibhéal agus is múnla é an Scoil Náisiúnta Phobail atá ag dul i méid ar fud na tíre. Is comhartha dearfach é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaltaí atá ag clárú do na scoileanna seo.

Athlonnaíodh clár bhreisoideachais agus oiliúna in 2019 ón gCeannoifig in Ard Chaomháin go dtí Whitemills, Baile Loch Garman agus ba dhearfach an fhorbairt í sin. Tá an tlonad Ógtheagmhála nua i nGuaire ag dul ar aghaidh go maith agus tá sé i gceist é a oscailt in 2020, rud a léiríonn tiomantas BO&O Phort Láirge agus Loch Garman maidir le háiseanna den scoth a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí fásta. Sampla eile den tiomantas seo ná an fógra a rinneadh go mbeidh infheistíocht shuntasach á déanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in infreastruchtúr ár scoileanna iar-bhunscoile. Tá mórforbairtí ar siúl i gColáiste Gairmoideachais Bhun Clóidí, i gColáiste Bhaile an Droichid, i gColáiste Pobail N. Deaglún, Coill Mhic Thomáisín, Meánscoil San Nioclás, An Rinn agus Coláiste Dhún Garbhán – tá sé beartaithe tosú orthu go léir in 2020.

Is cúis áthais do BO&O Phort Láirge agus Loch Garman iad ár glcáir Music Generation ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus an méid a bhain siad amach in 2019. Bhain os cionn 50 bunscoil sa réigiún tairbhe as na deiseanna oideachais i dtaibhiú ceoil a d'éirigh as an gcomhpháirtíocht seo le Comhairle Contae Loch Garman, le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Music Generation Ireland.

Tá áthas orainn go bhfuil comhpháirtíocht tosaithe le CLG Loch Garman atá ag soláthar tionscadal píolótach náisiúnta maidir le folláinte do mhic léinn i mórán dár scoileanna ar a dtugtar 'Go WeLL – Activate and Integrate'. Tá suim sa tionscadal nuálach seo á léiriú cheana féin ag scoileanna fud fad na tíre.

Lainseáil an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy T.D. na Sonraíochtaí Scileanna Náisiúnta le haghaidh Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) a reáchtáladh san Óstan Caisleán Chill Iníon Léinín i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna le linn na Comhdhála Domhanda NZEB. D'aontaigh grúpa stiúrtha na Sonraíochtaí Náisiúnta. Bhí BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus sa ghrúpa bhí ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, Comhairle Contae Loch Garmán, ionadaithe ón tionscamh tógála, ceardchumann, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí saineolais eile. Tá na scileanna NZEB seo á gcur ar fáil anois d'fhoghlaimeoirí ó gach cearn den tír san Ionad Oiliúna in Inis Córthaidh.

In éineacht le gach BO&O eile sa tír, chinn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in 2019 go mbeadh sé ina eintiteas rialachais meánleibhéal idir an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige agus tionscadail don óige. Ciallaíonn sé seo go mbeidh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ina phríomhmhaoinitheoir do tríocha trí tionscadal don óige a bhfuil foireann ag obair iontu ar fud an dá chontae, mar shampla, 'Scéim Mhaoinithe Dírithe ar an Óige' atá le tabhairt isteach in ionad an 'UBU D'Áit Do Spás' atáthar tar éis a athbhrandáil, é seo tar éis próisis comhairliúcháin a mhair roinnt blianta.

Tá súil agam go bhfuil blas faighte agat anois ón méid atá thuasluaite de roinnt de na forbairtí atá ar bun ag chinn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in 2020. Ar an dea-uair, tá líon na ndaoine inár scoileanna agus inár n-ionaid oideachais agus oiliúna ag dul i méid i gcónaí, rud a chuireann ar ár gcumas oideachas agus oiliúint a chur ar líon daoine sna pobail aitiúla atá ag dul i méid i gcónaí sa dá chontae. Táimid ag súil go gcuirfear leis na forbairtí seo in 2020. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir as an méid ollmhór a dhéanann siad i gcónaí chun an mhian seo a bhaint amach.

Kevin Lewis

Caoimhín Ó Lobhaois
Príomhfheidhmeannach

3: Cúlra agus Rialachas

Ár bhFís

Is í aidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna (BO&O) Phort Láirge agus Loch Garman bheith ina cheannasaí i gcúrsaí foghlama trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a sholáthar atá cuimsitheach, freagrúil agus nuálach.

Ár Misean

Is é misean BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ná réimse leathan de chlár oideachais agus oiliúna, de sheirbhísí agus de thacaíochtaí a chur ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta i réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

Ár mBunluachanna

- Meas
- Cuntasacht
- Díriú ar an bhFoghlaim
- Cáilíocht

Ráiteas Straitéise

Is é cuspóir ár Ráiteas Straitéise, a d'fhaomh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman i mBealtaine 2018, ná bheith mar eolas agus mar threoir don phleanáil laistigh de BO&O Phort Láirge agus Loch Garman don tréimhse 2018-2022. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise i ndiaidh próisis chomhairliúcháin chuimsithigh (le raon leathan de páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha), inar ghlac BO&O Phort Láirge agus Loch Garman páirt, mar aon le boird bhainistíochta, an fhoireann, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimoirí fásta, leasanna gnó agus eacnamaíochta, fostóirí, údarais áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile (féach achoimre Feidhiúcháin sa Phlean Straitéise). Ba léir ón bpróiseas comhairliúcháin go bhfuil an fhoireann agus páirtithe leasmhara ag obair le cheile i dtreo chomhsprice – timpeallacht ionchuimsitheach agus tacúil a fhorbairt d'fhoghlaimoirí agus do mhic léinn chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach. Tá ról lárnach ag prionsabail na macántachta agus an chomhionannais san obair a dhéanaimid agus sa chaoi a théimid i ngleic le páirtithe leasmhara chun ár bhfís a bhaint amach. Go bunúsach, creidimid go bhfuil cosán foghlama ann do chách agus gur chóir go bhfágadh an eispéireas oideachais lorg láidir agus dearfach ar mhic léinn agus ar fhoghlaimoirí araon.

Struchtúirí Rialachais BO&O Phort Láirge agus Loch Garman

Mar atá leagtha amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, is údarás oideachais agus oiliúna reachtúil, áitiúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. Ina measc tá dhá ionadaí déag ó Chomhairlí Cathrach agus Contae áitiúla Phort Láirge agus Loch Garman; beirt bhall tofa on bhfoireann; beirt ionadaí tuismitheora/caomhnóra; agus cúigear bhall a bhfuil saineolas acu ar an oideachas agus ar an oiliúint, lena n-áirítear ionadaí foghlaimora agus ionadaí gnó. Tá tuilleadh tacaíochta d'oibre na heagraíochta ag teacht ó na boird bhainistíochta i ngach ceann de na trí choláiste déag de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.

In 2019, ceapadh bainisteoir aonair chun Scoil Náisiúnta Phobail Chill na Manach a bhainistiú, a tháinig faoi mhaoirseacht BO&O Phort Láirge agus Loch Garman i Meán Fómhair 2019. Cuirfear deireadh leis an bpost bainisteoir aonair nuair a bheidh Bord Bainistíochta i bhfeidhm don scoil.

De réir feidhmeanna forchoimeáda leagtha amach faoi Mhír 12(i) den Acht ETB, tá dhá choiste bunaithe ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman faoi Mhír 45 den Acht ETB chun tacú lena gcuid oibre. Is iad seo:

- An Coiste Iniúcháireachta & Measúnú Riosca
- An Coiste Airgeadais

De réir feidhmeanna forchoimeáda leagtha amach faoi Mhír 12(i) den Acht ETB, tá roinnt coistí i bhfeidhm ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman faoi Mhír 44 den Acht ETB chun tacú lena gcuid oibre. Is iad seo:

- An Coiste Ógtheagmháil

- Coistí Ceantair: In 2019, rinneadh athstruchturú ar na Coistí Ceantair ó ceithre chinn – Port Láirge Thiar & Lár; Cathair Phort Láirge & Trá Mhór; Loch Garman Theas; Loch Garman Thuaidh go dtí trí chinn: Coiste Ceantair Chathair & Chontae Phort Láirge; Coiste Ceantair Loch Garman Theas; Coiste Ceantair Loch Garman Thuaidh
- Coiste Ógtheagmhála
- Coiste SDOG– (níor athbhunaíodh an coiste seo do théarma an Bhoird)

Bhí toghcháin nua do Bhord BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in Iúil agus i Lúnasa 2019 agus bhí an chéad cruinniú ag an mBord i Meán Fómhair 2019. Feidhmíonn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman de réir Míreanna 12 agus 13 den Acht BO&O 2013 maidir le feidhmeanna forchoimeáda a dhéanann an Bord agus feidhmeanna feidhmiúcháin a dhéanann an fhoireann bainistíochta.

Comhlíonadh

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird: Bunaíodh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar 2 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013. De réir Alt 51 den Acht sin, ní mór don BO&O cuntas ceart a choimeád mar is gnáth maidir le haon airgead a fhaigheann an Bord nó a chaitheann sé, i dtaca leis na tréimhsí cuntasaíochta a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

- (a) Na polasaithe cuntasaíochta a bhaineann le hullmhúchán ráitis airgeadais BO&O a chur i bhfeidhm
- (b) Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) Aon athruithe ábharach ó na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann ag am ar bith agus ar bhealach atá réasúnta cruinn, staid airgeadais an Bhoird agus a chumasaíonn an Bord bheith cinnte go bhfuil na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le alt 51 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá an Bord den tuairim gur léiriú ceart iad na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid reatha an Bhoird.

Deimhníonn Bord BO&O Phort Láirge agus Loch Garman:

- Tá an Cód Cleachtais 2019 maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna , a eisíodh in 2019, glactha ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman agus tá sé i gcomhréir le riachtanais nuashonraithe an Chóid sa chleachtadh agus sna nósanna imeachta atá ar bun ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.
- Tá Tuarascáil rúnda an Chathaoirligh mar gheall ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, curtha faoi bhráid an Aire. Áiríodh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus mar aguisín i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha faoi bhráid an Aire.
- Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh do 2019.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuil BO&O Phort Láirge agus Loch Garman i gcomhréir le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuil BO&O Phort Láirge agus Loch Garman i gcomhréir lena chuid dualgaisí faoin dlí cánach.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuiltear ag cloí leis na polasaithe agus na nósanna imeachta ábhartha i dtaca le soláthar, mar aon leis an bPlean Corparáideach Soláthair.
- Tá measúnu déanta ar na príomhrioscaí a bhaineann le BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.

Cuireadh sonraí maidir leis na rionscaí seo, más cuí, mar aon le bearta nó straitéisí maolaithe, san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta, agus foilseofar iad laistigh de mhí amháin d'iad a bheith faighte ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Feidhmeanna Bhoird BO&O Phort Láirge agus Loch Garman: Is feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin iad feidhmeanna an Bhoird. Is é an Príomhfheidhmeannach a dhéanann feidhmeanna feidhmiúcháin agus is an Bord a dhéanann feidhmeanna forchoimeádta. Leagtar amach na feidhmeanna forchoimeádta in Alt 12 (2) den Acht BO& 2013 agus déantar achoimre mar seo orthu:

Seo a leanas feidhmeanna ginearálta de Bhord Oideachais agus Oiliúna:

- (a) Scoileanna, ionaid oideachais agus oiliúna nó áiseanna oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina cheantar feidhme,
- (b) Nuair a thugann an tAire ordú chun é a dhéanamh faoi alt 20:
 - (i) Scoileanna aitheanta ina cheantar feidhme a bhunú agus a chothabháil,
 - (ii) Ionaid oideachais ina cheantar feidhme a bhunú agus a chothabháil,
 - (iii) Ionaid oideachais agus scoileanna aitheanta ina cheantar feidhme a chothabháil, agus
 - (iv) Áiseanna oideachais agus oiliúna ina cheantar feidhme a chothabháil nó acmhainní a thabhairt dóibh,
- (c) Soláthar oideachais agus oiliúna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche fostaíochta, agus seirbhísí bainteacha ina cheantar feidhme i:
 - (i) Scoileanna nó ionaid oideachais aitheanta atá á gcothabháil aige,
 - (ii) Áiseanna oideachais nó oiliúna atá á gcothabháil aige nó atá ag fáil acmhainní uaidh,
 - (iii) Scoileanna coinneála leanaí,
 - (iv) príosúin, agus
 - (v) áiseanna atá á gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- (d) socruithe a dhéanamh le, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do sholáthróirí oideachais agus oiliúna, de réir Alt 22,
- (e) scoláireachtaí a bhunú de réir Alt 24,
- (f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir alt 27,
- (g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir alt 47,
- (h) comhoibriú le haon chomhlacht a ainmnítear chun feidhmeanna iniúchta inmheánacha faoi alt 52 a bhaint amach,
- (i) oideachas agus oiliúint a sholáthar nuair a iarrtar é, agus thar ceann comhlacht ar bith a thugann ciste airgid don oiliúint as airgead a thug an tOireachtas don chomhlacht sin,
- (j) Seirbhísí Óige ina cheantar feidhme a thacú, a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheas, agus faisnéis maidir lena leithéid de thacaíocht a sholáthar don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige nuair a iarrtar é, agus
- (k) A mheas a bhfuil a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige ar bhealach atá eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil.

Lena chois sin, sonraíonn an tAcht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 feidhmeanna eile ar féidir leis an mBord a fheidhmiú, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach a thabhairt chun cuntais as a c(h)uid feidhmeanna a fheidhmiú go héifeachtach i mbainistíocht an BO&O, de réir na reachtaíochta, treoirlínte na Roinne agus SOLAS, Phlean Feidhmithe ROS agus an Phlean Seirbhíse.

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Bord Oideachais agus Oiliúna:

- (a) Feidhmeanna feidhmiúcháin an Bhoird a fheidhmiú,
- (b) Eolas a sholáthar don Bhord maidir le feidhmiú a c(h)uid feidhmeanna, a bheidh ag teastáil ó am go ham ag an mBord sin,
- (c) Eolas a sholáthar don Aire maidir le feidhmiú a c(h)uid feidhmeanna, a bheidh ag teastáil ó am go ham ag an Aire sin,
- (d) Beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as a c(h)uid feidhmeanna a fheidhmiú.

3.1: BALL BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN

BALL B0&O Phort Láirge agus Loch Garman

Tofa ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

An Clr Pat Nugent

An Clr Breda Brennan (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Eddie Mulligan (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Tom Cronin (*go dtí Bealtaine 2019*)

An Clr Lola O'Sullivan [*~Leas-Chathaoirleach*]

An Clr Joe Kelly (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Michael J O'Ryan [*Leas-Chathaoirleach*]
(*go dtí Bealtaine 2019*)

An Clr Matt Shanahan (*go dtí Bealtaine 2019*)

Tofa ag Comhairle Contae Loch Garman

An Clr Barbara-Anne Murphy
[*~Cathaoirleach*]

An Clr Kathleen Codd-Nolan

An Clr Mary Farrell

An Clr Fionntán Ó'Súilleabháin

An Clr Garry Laffan (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Aidan Browne (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Leonard Kelly (*ó Lúnasa 2019*)

An Clr Malcolm Byrne (*go dtí Bealtaine 2019*)

An Clr Jim Moore [*Cathaoirleach*] (*go dtí Bealtaine 2019*)

An Clr Ger Carthy (*go dtí Bealtaine 2019*)

Baill Foirne

An tUasal Sandra Fogarty (*ó Lúnasa 2019*)

An tUasal Nessa Murphy (*go dtí Bealtaine 2019*)

An tUasal Richard Byrnes (*ó Shamhain 2019*)

An tUasal Geoffrey Collins (*go dtí Bealtaine 2019*)

Baill Tuismitheora

An tUasal Finola Walsh

An tUasal David Doyle

Ainmnithe ó Chomhlachtaí Sonraithe

An tUasal Mary Ryan

An tUasal Larry O'Brien (*ó Mheán Fómhair 2019*)

An tUasal Pat Rath (*ó Mheán Fómhair 2019*)

An tUasal Senan Lillis (*ó Mheán Fómhair 2019*)

An tUasal Kate Miskella (*ó Mheán Fómhair 2019*)

An tUasal Mark Fitzgerald (*go dtí Bealtaine 2019*)

An tUasal John Evoy (*go dtí Bealtaine 2019*)

An tUasal John Wall (*go dtí Bealtaine 2019*)

An tUasal Áine Uí Fhoghlú (*go dtí Bealtaine 2019*)

ACCS/JMB AMCSS/NAPD

Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann

Cónaidhm na hÉireann um Míchumas - AHEAD

ICTU

ICTU

IBEC

AONTAS

AHEAD

FORAS NA GAEILGE

~ ó Mheán Fómhair 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird 2019

Comhaltaí Boird	Cruinnithe a Reáchtáladh/Tinreamh						
	08.01.19	26.03.19	28.05.19	27.08.19 (1)	27.08.19 (2)	10.09.2019	12.11.19
An Clr Malcolm Byrne		X		-	-	-	-
An Clr Ger Carthy	X			-	-	-	-
An Clr Kathleen Codd-Nolan	X		X			X	X
An tUasal Geoffrey Collins	X	X	X	-	-	-	-
An Clr Tom Cronin	X	X		-	-	-	-
An tUasal David Doyle	X	X	X		X	X	X
An tUasal John Evoy	X			-	-	-	-
An Clr Mary Farrell	X	X	X	X	X	X	X
An tUasal Mark Fitzgerald				-	-	-	-
An Clr Jim Moore	X	X	X	-	-	-	-
An Clr Barbara Anne Murphy	X	X	X	X	X	X	
An tUasal Nessa Murphy	X	X	X	-	-	-	-
An Clr Pat Nugent	X	X	X	X	X	X	X
An Clr Michael J. O’Ryan	X	X	X	-	-	-	-
An Clr Fionntán O’Súilleabháin	X	X		X	X	X	X
An Clr Lola O’Sullivan		X		X	X	X	X
An tUasal Mary Ryan	X		X			X	
An Clr Matt Shanahan		X		-	-	-	-
An tUasal Áine Uí Fhoghlú				-	-	-	-
An tUasal John Wall	X	X	X	-	-	-	-
An tUasal Finola Walsh	X	X	X		X	X	X
An Clr Breda Brennan	-	-	-	X	X	X	X
An Clr Aidan Browne	-	-	-	X	X	X	X
An tUasal Richard Byrnes	-	-	-	-	-	-	X
An tUasal Sandra Fogarty	-	-	-	X	X		X
An Clr Joe Kelly	-	-	-	X	X	X	X
An Clr Leonard Kelly	-	-	-	X	X		X
An Clr Gary Laffan	-	-	-	X	X	X	X
An tUasal Senan Lillis	-	-	-	-	-	X	X
An tUasal Kate Miskella	-	-	-	-	-	X	X
An Clr Eddie Mulligan	-	-	-	X	X	X	X
An tUasal Larry O’Brien	-	-	-	-	-	X	
An tUasal Pat Rath	-	-	-	-	-	X	X
-	Léirítear leis seo tréimhsí nuair nach raibh na daoine ina gcomhaltaí, toisc go raibh Bord nua á chruthú,						

3.2: BALLRAÍOCHT COISTÍ BO&O Phort Láirge agus Loch Garman - 2019

# Coiste Airgeadais				
	11.03.19	23.09.19	25.11.19	11.12.19
(Cathaoirleach) An tUasal Michael Veale		X	X	X
An tUasal David Doyle	X	X	X	X
An Clr Pat Nugent	X	X	X	X
An tUasal Larry O’Brien (ó Shamhain 2019)	-	-	-	
An tUasal Dennis McCarthy (ó Shamhain 2019)	-	-	-	X
An tUasal Anne Murray (ó Shamhain 2019)	X			-
An tUasal Pádraig Hall (go dtí Shamhain 2019)	X			-
# Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca				
(Cathaoirleach) An Clr Jim Moore (ó Shamhain 2019)	06.03.19	23.09.19	18.11.19	18.12.19
An tUasal Elaine Sheridan	-	-	-	X
An Clr Michael J O’Ryan	X	X		X
An tUasal John Cuddihy	X	X	X	X
An Clr Kathleen Codd-Nolan	X	X		X
An Clr Lola O’Sullivan (ó Shamhain 2019)	X			
An tUasal Eddie Breen (go dtí Samhain 2019)	-	-	-	X
Coiste Ógtheagmháil				
(Cathaoirleach) An Clr Pat Nugent	An tUasal David Doyle (ó Shamhain 2019)			
An Clr Aidan Browne (ó Shamhain 2019)	An Clr Lola O’Sullivan (go dtí Samhain 2019)			
An tUasal Úna Dunphy (go dtí Meán Fómhair 2019)	An tUasal Paul Fallon (go dtí Samhain 2019)			
Coiste SDOG (go dtí Samhain 2019)				
(Cathaoirleach) An Clr Barbara Anne-Murphy	An Clr Pat Nugent			
An tUasal Aileen O’Connor	An tUasal John Evoy			
An tUasal Terry Ryan				
Coiste Obair d’Ógra				
An Clr Aidan Browne (ó Shamhain 2019)	An Clr Garry Laffan (ó Shamhain 2019)			
An Clr Pat Nugent	An tUasal Alison Parle			
An tUasal Julie Somers	An tUasal Kieran Donohoe			
An tUasal Geoffrey Collins (go dtí Samhain 2019)	An tUasal Róisín Hurney (go dtí Samhain 2019)			
An tUasal David Doyle (go dtí Samhain 2019)	An tUasal Sophie O’Connor (go dtí Samhain 2019)			
An tUasal Mary Halligan (go dtí Samhain 2019)	An tUasal Sean Cooke (go dtí Samhain 2019)			
An tUasal Gail O’Sullivan (go dtí Samhain 2019)	An tUasal Sheila Barrett (go dtí Samhain 2019)			
# Bhuail an Coiste le chéile ar dhá ócáid in 2019				

Coistí Ceantair BO&O Phort Láirge agus Loch Garman

In 2019, rinneadh athstruchtúrú ar na Coistí Ceantair agus comhcheanglaíodh na ceantair Port Láirge Thiar & Lár agus Cathair Loch Garman & Trá Mhór. Is iad na ceantair atá anois ann ná: Coiste Cathrach & Contae Phort Láirge, Loch Garman Theas agus Loch Garman Thuaidh.

*Tacaíonn baill na foirne feidhmiúcháin leis na 3
Choiste Ceantair de chuid BO&O Phort Láirge
agus Loch Garman:*

Ionadaí ón bhFoireann Ardbhainistíochta
Príomhoidí Iar-Bhunscoile
Ionadaithe ón mBreisoideachas & Ollíúint
Ionadaí ón tSeirbhís don Aos Óg

Coiste Ceantair Cathrach & Contae Phort Láirge

An Clr Lola O'Sullivan
An Clr Breda Brennan (*ó Shamhain 2019*)
An Clr Eddie Mulligan (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Sandra Fogarty (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal John Wall (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal Anne Murray (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal Áine Uí Foghlú (*go dtí Samhain 2019*)

An Clr Pat Nugent
An tUasal Mary Ryan
An Clr Joe Kelly (*ó Shamhain 2019*)
An Clr Michael J O'Ryan (*go dtí Samhain 2019*)
An Clr Tom Cronin (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal Geoffrey Collins (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal Mark Fitzgerald (*go dtí Samhain 2019*)

Coiste Ceantair Loch Garman Thuaidh

An Clr Mary Farrell
An Clr Kathleen Codd-Nolan
An Clr Aidan Browne (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Pat Rath (*ó Shamhain Nov 2019*)

An Clr Barbara-Anne Murphy
An Clr Fionntán Ó'Súilleabháin
An tUasal Senan Lillis (*ó Shamhain 2019*)
An Clr Malcolm Byrne (*go dtí Samhain 2019*)

Coiste Ceantair Loch Garman Theas

An Clr Garry Laffan (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Richard Byrnes (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Finola Walsh (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Kate Miskella (*ó Shamhain 2019*)
An Clr Ger Carthy (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal Nessa Murphy (*go dtí Samhain 2019*)

An tUasal David Doyle
An Clr Leonard Kelly (*ó Shamhain 2019*)
An tUasal Larry O'Brien (*ó Shamhain 2019*)
An Clr Jim Moore (*go dtí Samhain 2019*)
An tUasal John Evoy (*go dtí Samhain 2019*)

3.4: FOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA BO&O PHORT LÁIRGE agus LOCH GARMAN

Príomhfheidhmeannach
Stiúrthóir Tacaíochta na hEagraíochta agus Forbartha
Stiúrthóir Scoileanna
Stiúrthóir Breisoideachais agus Traenála
Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha
Bainisteoir Acmhainní Daonna
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha
Bainisteoir Airgeadais

An tUasal Kevin Lewis
An Dr. Karina Daly
An tUasal Eimear Ryan (Ceaptha 14/08/19)
An tUasal Eilís Leddy (Ar Scor ó 26/05/2019)
An tUasal Ken Whyte
An tUasal Michael O'Brien
An tUasal Anne-Marie Jones
An tUasal Fintan O'Reilly
An tUasal Owen O'Mahony

4: Achoimre ar Sheirbhísí - 2019



23,138

DALTA AGUS
FOGHLAIMEOIR



1,701

BALL FOIRNE



2,215

CÚRSA

24

IONAD BREISOIDEACHAIS/
OILIÚNA



13

CHOLÁISTE IAR-
BHUNSCOILE
(1 CHOLÁISTE IAT INA MEASC)


1

SCOILEANNA
NÁISIÚNTA
POBAIL



3

PHOBALSCOIL FAOI
CHOIMIRCE BOOPLLG



€115m

BUISÉAD
BLIANTÚIL



500

CUIDEACHTA
FAOI
THACAÍOCHT



52

PRINTÍSEACHT FAOI
THACAÍOCHT
(13 AR BHONN INTÍ INA MEASC)



5: Oideachas Dara Leibhéil

Rollú sna Coláistí in 2019

Ainm Scoile	Líon ar Rolla ar 30/09/2019	
	Dara Leibhéil	PLC
Coláiste Bhaile an Droichid	557	8
Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí	220	29
Coláiste Abbáin	293	0
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise *	326	46
Coláiste na Craobhaí	824	0
Dungarvan College-Coláiste Dhún Garbhán*	232	227
Coláiste Gairmoideachais Inis Córthaidh	406	195
Coláiste Uí Chinnéide	165	68
Meánscoil San Nioclás	144	0
Coláiste Sheilsceire	413	87
Coláiste Pobail Deagláin Naofa	749	0
Coláiste Pobail Naomh Pól	545	14
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge*	0	720
Rollú Iomlán san Coláistí	4,874	1,394

Mic Léinn Ranganna Oíche 2019

Uimhir Iomlán de Mhic Léinn Ranganna Oíche (Seachadtha in 3 Choláiste BO&O Phort Láirge agus Loch Garman – féach thuas*)	874
---	------------

6: Bresioideachas agus Oiliúint

Soláthar an Chláir Breisoideachais & Oiliúna - 2019 Toradh	
Clár	Tairbhíthe
Oiliúint Printíseachta	1,232
Oiliúint Chumaisc	133
Nasc-Chúrsaí agus Oiliúint Bonnoiliúint	115
Ionaid Oiliúna Phobail	348
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	552
Cláir Oiliúna Speisialaithe	237
Oiliúint i Scileanna Faoi Leith	465
Cúsaí Oiliúna	347
SDOG	893
Ógtheagmháil	518
Iomlán na gClár Lánaimseartha	4,840
Litearthacht d'Aosaigh	2,931
Grúpaí BTEI	1,793
Oideachas Pobail	1,685
ESOL	1,568
Oiliúint um Thráthróna	1,717
Uaireanta Comhoibrithe FET	155
ITABE	0
Athlonnú Teifeach	469
Scileanna don Obair	587
Iomlán na gClár Páirtaimseartha	11,140
IOMLÁN: GACH CLÁR	15,980

7: Airgeadas

Nóta maidir leis na Ráitis Airgeadais:

Deimhníonn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman gur cuireadh isteach a ráitis airgeadais le haghaidh 2019 go dtí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste roimh 1 Aibreán 2020. Ós rud é nach bhfuil iniúchadh déanta fós ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais, mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ní fhoilseoidh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman cuntais neamhiniúchta ag an am seo. Deimhníonn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman go bhfoilseoidh sé na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón am a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

8: Spriocanna Straitéiseacha a Chur i bhFeidhm – 2019



Sprioc Straitéiseach 1

Oideachas agus oiliúint den scoth a sholáthar dár mic léinn agus dár

bhfoghlaimeoirí. Bainfear é seo amach trí rochtain a chinntiú mar aon le deiseanna a sholáthar don phobal chun go mbainfidh siad leas as barr feabhais múinteoireachta agus foghlama.

Tosaíocht Straitéiseach 1.1: Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a sholáthar		
Gníomhaíochtaí Straitéiseacha		Torthaí 2019
1.1.1	Modhanna múinteoireachta agus foghlama atá nua-aimseartha agus forásach a neadú, lena n-áirítear modhanna agus teicneolaíochtaí foghlama chumaisc agus cleachtaí múnlaítheacha oiliúnacha.	- Deiseanna do mhúinteoirí leas a bhaint as forbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán ar leibhéal na scoile iomlán, an ghrúpa beag agus an duine aonair, chomh maith le tacú le saineolas a roinnt thar coláistí éagsúla. - Seachadaítear tionscadail Music Generation i Loch Garman agus i bPort Láirge i réimse timpeallachtaí, ag baint úsáide as modhanna agus cleachtadh múinteoireachta saincheaptha. Bhí teagasc ceoil ann i 30 bunscoil agus timpeallacht phobail i gCo. Loch Garman, agus i bPort Láirge, tá gníomhaíochtaí ar bun i 21 bunscoil, meánscoil amháin, dhá thionscadal Ógtheagmháil, dhá mhol iarscoile, Ionad Acmhainní Teaghlaigh amháin, dhá áis cúram leanaí, áis cúram leanaí amháin do leanaí le sainriachtanais agus Ionad Soláthar Díreach amháin. Bhí gá le cur chuige solúbtha agus fuinniúil maidir le modhanna agus cleachtaí múinteoireachta de bharr éagsúlacht na dtimpeallachtaí agus próifíl na bhfoghlaimeoirí.
1.1.2	Tacú leis an dea-chleachtas sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaím inár gcoláistí agus inár n-ionaid go léir tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach.	- Leanúint le diancheardlanna múinteoireachta agus foghlama atá deartha agus curtha i láthair ag Mike Hughes, Oideachasóir, chun cur leis an acmhainneacht ghairmiúil ó laistigh denár gcoláistí. Bhí an deis ag roinnt rannpháirtithe cur i láthair a dhéanamh ar phrionsabail Magenta don fhoireann laistigh dena gcoláiste féin. I gcomhpháirt leis an gComhordaitheoir Oideachais BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, ritheadh gníomhaíochtaí ag leibhéal na scoile, lena n-áirítear múinteoireacht foirne, ranganna a phleanáil, físeáin a dhéanamh de ranganna agus seisiúin 'Lón agus foghlaim' a rith. - Comhoibriú leanúnach le Foireann na Foghlama Digití chun an úsáid is fearr a bhaint as uirlisí laistigh d'Fhoirne agus OneNote chun comhroinnt modheolaíochtaí agus acmhainní a fheabhsú ar bhonn trascholáiste. - D'éagraigh an Comhordaitheoir Oideachais grúpdhíospóireacht ag comhdháil ar Phrionsabail Magenta a d'óstáil NAPD. I láthair ag an imeacht bhí baill de Chigireacht ROS, baill ón bhFoireann Comhordaithe Náisiúnta um an tSraith Shóisearach Nua, agus baill foirne acadúla ó choláistí oiliúna ar fud na tíre, Tuaisceart Éireanna san áireamh.

		- Tá leas bainte ag múinteoirí scoile agus múinteoirí in ionaid as an traenáil ar an láthair in Office 365. - I Meitheamh 2019, chríochnaigh os cionn 70 Cúntóirí Riachtanas Speisialta cúrsa forbartha ghairmiúil leanúnach a mhair seachtain amháin, ar réimse topaicí, Cúrsa Teistithe 3 Lá sa Gharchabhair san áireamh. - Bhí teagascóirí ceoil de chuid Music Generation i mbun seisiúin traenála i bPort Láirge agus i Loch Garman chun cleachtaí múinteoireachta agus foghlama a fhorbairt, lena n-áirítear oideolaíocht in uirlisí ceoil agus rangtheagaisc. Tá ról lárnach ag an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir leis an bhfhoireann oideachasóra ceoil a fhorbairt agus le cláir a sheachadadh. - Bhí teagascóirí ceoil ag comhoibriú le chéile ar fud na tíre, i bPort Láirge & i Loch Garman, i bPort Láirge & i Laois, i bPort Láirge agus i gCeatharlach, i bPort Láirge & i gCorcaigh, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chleachtaí múinteoireachta agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnach. - Tugadh mórán phoiblíocht do chúrsaí traenála NZEB tríd an Ionad NZEB de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in Inis Córthaidh laistigh den earnáil múinteoireachta tógála in 2019. - Bunaíodh Aonad Forbartha Gairmiúil laistigh de BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in 2018, agus tá rochtain curtha ar fáil aige don fhoireann ar réimse leathan de chúrsaí forbartha gairmiúla.
1.1.3	Struchtúr a fhorbairt le haghaidh líonraí a bhaineann go saineúil le hábhair áirithe laistigh de BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, áit is féidir le múinteoirí comhoibriú chun acmhainní foghlama agus múinteoireachta a fhorbairt, léirmhíniú a dhéanamh ar thuairiscíní cúrsa/ábhar, agus smaointe, réitigh agus acmhainní a roinnt le chéile.	- Lean grúpa ó Phobal Ceoil orthu ag bualadh le chéile go rialta chun comhoibriú, acmhainní a roinnt, páirt a ghlacadh i mbreisoiliúint maidir le huirlisí digiteacha agus le cláir, agus comhairliúchán a dhéanamh ar JCT CBA. Leanann siad orthu an ceol a chur chun cinn inár gcoláistí agus teagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoirí Music Generation chun an ceol a chur cinn i measc a bpobal féin. <i>(Féach 1.18 freisin)</i> - Tá traenáil agus tacaíocht curtha ar fáil do mhúinteoirí sna líonraí Pobal ag Cleachtadh ag baint úsáide as an ardán MS Teams. - Bunaíodh Pobal ag Cleachtadh nua le haghaidh Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais mar fhreagairt ar rolladh amach an mhúnla nua chun tacaíocht a sheachadadh do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais/riachtanais foghlama breise acu. Tá obair déanta ag an bhfoireann ar réimse teimpléad atá le húsáid i ngach coláiste. - Tá 'foirne clár' bunaithe ag tionscadail Music Generation i bPort Láirge agus i Loch Garman a chomhoibríonn le chéile agus a fhorbraíonn cuir chuige maidir leis an bhfoghlaim agus leis an múinteoireacht laistigh dá réimsí áirithe san

		oideachas ceoil, lena n-áirítear ábhar saincheaptha agus cláir. - Cuireadh tús in 2019 leis an ngrúpáil ghairmiúil don fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna.
1.1.4	Cúnamh a thabhairt do choláistí maidir leis an gclár nua don tsraith shóisearach a rolladh amach.	- Tá tacaíocht curtha ar fáil ar bhonn leanúnach chun Cúrsaí Gearra nua a fhorbairt a bhaineann go saineúil leis na riachtanais atá ag scoileanna áirithe.
1.1.5	Dul i ngleic leis an athbhreithniú leanúnach ar chlár na Sraithe Sínsaraí, tosaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun moltaí a dhéanamh maidir leis na réimsí ar chóir iad a fhorbairt sna coláistí agus sna hionaid Ógtheagmhála.	- Tá múinteoirí ó choláistí BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ag obair go gníomhach sa phróiseas seo.
1.1.6	Ár ndícheall a dhéanamh cur leis an méid mac léinn a dhéanann na hábhair STEM ar aon dul leis an tosaíocht atá sa Plean Gníomhaíochta um Oideachas de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.	- In 2019, i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman, lean BO&O Phort Láirge agus Loch Garman air ag rolladh amach féile eolaíochta Loch Garman WEXSCI, bunaithe in 2018. Bhí roinnt imeachtaí ann inár Fablab, ár n-ionad NZEB agus Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Whitemills, a raibh mar aidhm acu an eolaíocht a chur chun cinn i measc foghlaimoirí de gach aois.
1.1.7	Áiseanna ardchaighdeán, comhaimseartha, oiriúnach don fheidhm le haghaidh mic léinn, foghlaimoirí agus na foirne a chur ar fáil, agus ar an dóigh sin, ár n-acmhainní a uasmhéadú agus tacú le deiseanna chun bogadh ar aghaidh.	- Leanúint le hathchóiriú a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar áiseanna sna Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór, i nDún Garbhán agus i nGuaire. - Cuireadh críoch le mórán oibreacha samhraidh agus éigeandála inár gColáistí i rith 2019. - Osclaíodh cóiríocht bhreise i Whitemill Loch Garman chun cláir Bhreisoideachais agus Traenála a sheachadadh. - Tá coimhoibriú ann idir tionscadail Music Generation agus grúpaí scoile agus pobail, chun go mbeidh ionaid theagaisc agus ionaid le haghaidh ceolchoirmeacha ann nuair is gá, e.g. cuireann Coláiste Dhún Garbhán, CP N. Pól ionaid ar fáil do ranganna iarscoile. Ar an dóigh sin, tá méadú ag teacht ar líon na mic léinn agus inbhuanaitheacht na gclár.
1.1.8	Cinnte a dhéanamh de go bhfuil Infreastruchtúr TFC den scoth i bhfeidhm, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, líonraí gan sreang, stóráil sonraí néalbhunaithe, prótacail maidir le húsáid an idirlín agus polasaithe.	- Ceapadh Ceannasaí Foirne nua do Sheirbhísí TF i mBO&O Phort Láirge agus Loch Garman i mí Feabhra 2019. - Méadú ar mhaoiniú don TF curtha ar fáil d'ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna chun feabhas a chur ar rochtain ar an bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta - Cuireadh críoch le tionscadail chun an t-infreastruchtúr a fheabhsú, lena n-áirítear Wi-fi a shuiteáil ag na láthair a leanas: - o Ionad Oiliúna Chill Chuacháin, Coláiste Pobail N. Deaglún, Coláiste Creagh agus Coláiste Pobail N. Pól - o Ríomhairí glúine agus ríomhairí deisce nua suiteáile i scoileanna agus in ionaid.

		○ Athcháblú agus feistiú TF curtha i gcrích i FabLab Ros Mhic Thriúin.
--	--	--

Tosaíocht Straitéiseach 1.2: Tacú le rochtain agus í a chur chun cinn i gcás gach foghlaimeora

	Gníomhaíochtaí Straitéiseacha	Torthaí 2019
1.2.1	Díriú ar an rochtain agus straitéisí a fhorbairt a mhaolaíonn na bacainní atá ann maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint, agus cinnte a dhéanamh de go bufuil comhionannas deiseanna ar oideachas ann go gach foghlaimeoir.	- Deiseana curtha ar fáil don fhoghlaím dhifreálach trí úsáid a bhaint as Uirlisí Foghlama imeasctha san fhoghlaím (O365), lena n-áirítear ceardlanna i stíl ‘clínic’ a rith sna coláistí nuair a iarrtar é. - Comhoibriú/Pleanáil chun tuilleadh úsáid a bhaint as an bPobal ag Cleachtadh do mhúinteoirí Riachtanas Oideachais Speisialta. Bhí ball d’Fhoireann na Foghlama Digití i láthair ag gach ceardlann do Chomhordaitheoirí SENCO chun tacú le forbairt a dhéanamh ar theimpléid agus uirlisí digiteacha a sheachadadh, rud a thacódh leis an rochtain. - Mar chuid den tseachtain Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhí acu i Meitheamh, d’fhreastail Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar cheardlanna ar thopaicí éagsúla a thacaíonn le rannpháirtíocht mac léinn i ngach gné de shaol na scoile. - Tá clár phobail Breisoideachais agus Oiliúna á n-ofráil i ngach pobal áitiúil. Tháinig méadú ar líon na ndéontas do phobail áitiúla chun tacú leis an oiliúint áitiúil. - Soláthraíonn tionscadail Music Generation, i gcomhpháirt le scoileanna, clár don aos óg agus don phobal e.g: deiseanna san oideachas ceoil thaibhithe i Loch Garman agus i bPort Láirge, dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga imeallaithe, - o Chuaigh líon na mbunscoileanna i méid a raibh comhpháirtíocht againn leo chun rochtain ar an oideachas ceoil i gceantair thuaithe Phort Láirge a mhéadú. - o Tháinig méadú ar rochtain ar dheiseanna uirlise, ranganna gutha agus ensemble iarscoile, mar cuireadh leis an bhfoireann teagaisc sna moil cheoil i nDún Garbhán agus i gCathair Phort Láirge. - o Táimid tar éis dul i gcomhpháirt leis Na Píobairí Uilleann i bPort Láirge chun tacú le foghlaimeoirí rochtain a bheith acu ar an bpíob uilleann trí bhacainní airgeadais a bhaint maidir leis an uirlis neamhchoitianta costasach seo.
1.2.2	Cur le líon na bprintíseacht ábhartha atá faoi oiliúint BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, trí feabhas a chur ar an teagmháil atá ann le gnólachtaí áitiúla, le tionscail agus le comhlachtaí reachtúla.	- Tháinig méadú ar líon na bprintíseach. Tá gach ionad ag obair anois ar lánacmhainn. - Teagmháil fheabhsaithe le fostóirí tríd an tionscnamh Scileanna chun Dul ar Aghaidh.
1.2.3	Feabhas a chur ar sholáthar sheirbhísí oideachais agus oiliúint do theifigh.	- Tá foghlaimeoirí san ionad EROC, Cluain Aodha, Co Phort Láirge, réidh le bogadh isteach i scoileanna

		príomhshrutha tar éis trí mhí de thúsoideachas san ionad. - Teagmháil nua le lucht iarrtha tearmainn i Loch Garman agus i bPort Láirge. - Leanann Music Generation Phort Láirge air ag obair le leanaí bunscoile, ag baint úsáide as seirbhísí scoile san ionad fáiltithe éigeandála EROC ar bhonn seachtainiúil. - Tá planáil ar bun ag Music Generation Loch Garman clár iarscoile sa Cheol Traidisiúnta a fhorbairt sa lárionad cóiríochta i mBaile na Cúirte, Loch Garman.
1.2.4	Obair le treoirchomhairleoirí do mhic léinn agus d'aoisigh chun cur leis an bhfeasacht ata ann maidir le deiseanna san oideachas tríú leibhéal, breisoideachas agus oiliúint san áireamh.	- Foireann iomlán de threoirchomhairleoirí agus oifigigh eolais ag cur tacaíocht ar fáil d'fhoghlaiméoirí Breisoideachais agus Oiliúna.
1.2.6	Ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach le haghaidh Scoileanna 2015-2020, agus an Straitéis TEL 2016-2019, déanfar forbairt ar agus cuirfear i bhfeidhm múinteoireacht agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta san eagraíocht, agus beifear ag díriú ar réimsí a aithint ina bhféadfaí bacainní a laghdú tríd an múinteoireacht agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta.	- Táthar ag leanúint le tacaíocht a thabhairt sna scoileanna agus sna hionaid araon: - o Pobal Ceoil – ghlac an grúpa ceoil páirt in oiliúint Microsoft. Is é MS Teams an t-ardán comhoibrithe atá á úsáid anois ag múinteoirí ceoil chun teagmháil a dhéanamh, ábhar a roinnt agus comhoibriú i gcoitinne. Táthar ag leanúint le hoiliúint idir piaraí in aipeanna ceoil áirithe ag cruinnithe, rud a chuireann le 0365 BO&O Phort Láirge agus Loch Garman – tá páirt glactha ag rannpháirtithe den ghrúpa seo in oiliúint i Microsoft. Déanann na múinteoirí seo an t-eolas/oiliúint a fhorleathadh chuig comhghleacaithe. Beifear ag cur an clár Ceannasaithe Digiteacha i bhfeidhm chun an deighlt idir mic léinn agus múinteoirí a bhaint as na hardáin fhoghlama. - o Leathnaíodh an Straitéis um Foghlaim Dhigiteach amach go dtí ár n-ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna – earcaíodh duine breise amháin mar acmhainn chun freastal ar riachtanais scoileanna agus ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna.
1.2.7	Cur chuige ceartaitheach a thabhairt isteach chun déileáil le coimhlint agus saincheisteanna conspóideacha a thagann chun cinn sna coláistí agus sna hionaid.	- Cleachtadh Ceartaitheach á úsáid mar chur chuige scoil uile i leith iompair dhearfach i measc pobail na scoile. I gColáiste Selskar, bhí seans ag mac léinn agus múinteoirí bheith ina 'n-aisteoirí gutha' do shraith físeáin mar chuid de chlár oiliúna Cleachtadh Ceartaitheach atá forbraithe ag an gComhpháirtíocht um Chleachtadh Ceartaitheach, Loch Garman. Roghnaigh NCSE/PDST Coláiste Creagh agus Coláiste an Átha mar scoileanna pólótacha le haghaidh sraith ceardlann ar an gCleachtadh Ceartaitheach mar chur chuige scoil uile. - Bhí ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar an gCoiste Stiúrtha de chuid

		Comhpháirtíochta um Chleachtadh Ceartaitheach Loch Garman. <i>(Féach 4.1.7 freisin)</i>
1.2.8	Deiseanna maidir le comhionannas, taithí agus torthaí a chinntiú d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais foghlama breise acu, ionas gur féidir leo lánúsáid a bhaint as na deiseanna oideachais agus oiliúna a chuireann BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar fáil.	- Tá tacaíocht leanúnach á cur ar fáil do Chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta agus na Treoirlínte nua do Scoileanna Iar-Bhunscoile á rolladh amach – Tacaíocht a Thabhairt do Mhic Léinn a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu i Scoileanna Príomhshrutha. - Tá Music Generation Loch Garman ag obair i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, trí cheardlanna cumadóireachta amhrán a rith do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. - Tá obair déanta ag Music Generation Páirt Láirge leis an Réamhscoil Sesame do leanaí faoi riachtanais speisialta i nDún Garbhán.
1.2.9	An fhoireann a spreagadh cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar chearta daonna agus ar chearta comhionannais foghlaimoirí.	- D'fhoilsigh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman a Pholasáí Comhionannais i Márta 2019.

Tosaíocht Straitéiseach 1.3: Soláthar oideachais ag a bhfuil an cháilíocht deimhnithe, ina mbaintear amach ardleibhéal, agus atá creidiúnaithe		
Gníomhaíochtaí Straitéiseacha		Torthaí 2019
1.3.1	Leanúint le tacaíocht a thabhairt do choláistí agus d'ionaid ag iad i mbun cleachtadh sáréifeachtach a fhorbairt, ag baint úsáide as Tuairiscí Cigireachta agus Tuairiscí Scoile Féinmheasúnaithe, in éineacht le 'Ag Féachaint ar ár Scoileanna 2016'.	- Chuir scoileanna an t-eolas is déanaí ar fáil don Bhord maidir le gach tuairisc chigireachta. Rinneadh athbhreithniú ar gach tuairisc chigireachta agus cuireadh tacaíocht dírithe ar fáil. - Tá tús curtha ag Music Generation Loch Garman le forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí Chreata Cáilíochta bunaithe ar thaighde ghníomhach laistigh de chlár chun cleachtadh sáréifeachtach a chinntiú ina bhfuil modheolaíochtaí féinmheasúnaithe cuimsithe. - In 2019, rinne Music Generation Phort Láirge scrúdú ar bhonn píolótach den chlár trí pharaiméadair ardcháilíochta, lena n-áirítear éifeachtúlacht oideolaíochta agus rannpháirtíocht. - Rinne Bord Bainistíochta Ógtheagmhála athbhreithniú ar thuarisicí cigireachta de chuid Ógtheagmhála. Pleananna gníomhaíochta ullmhaithe chun moltaí a chur i bhfeidhm agus curtha os comhair an Bhoird.
1.3.2	Pleanáil ábhar scoile a neadú mar aon le Féinmheasúnú Scoile, agus pleanáil scoile chun coláistí agus ionaid a fheabhsú. Cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann múinteoirí an Cód Iompair Gairmiúil agus iad ag pleanáil agus ag cur i bhfeidhm an dea-chleachtas inár gcoláistí agus inár n-ionaid.	- Cur i latháir tugtha do Chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta maidir leis an trasnail idir an múnla nua atá ann chun acmhainní a leithdháileadh agus an cúrsa machnamhach den Féinmheasúnú Scoile agus conas is féidir eilimintí den mhúnla nua a neadú mar spriocanna sna pleananna feabhais do scoileanna.
1.3.3	Pleanáil a dhéanamh maidir le cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt trí fhreagairt SOLAS ar an tuairisc ESRI (Staidéar ar soláthar clár Iar-Ardteistiméireachta agus torthaí na rannpháirtithe i gClár Ardteistiméireachta agus Iar-Ardteistiméireachta) - an modh is éifeachtaí do mhic léinn Iar-Ardteistiméireachta a chíoradh maidir leis an oideachas agus torthaí oiliúna is fearr is féidir a bhaint amach, lena n-áirítear dul ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal nó isteach san fhostaíocht.	- Tá comhaontú foirmeálta i bhfeidhm maidir leis an aistriú oideachasúil ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman leis an dá choláiste tríú leibhéal is gaire dúinn, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. - Feabhas curtha ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a imeascadh leis an mBreisoideachas agus an Oiliúint, trí ionadaíocht Iar-Ardteistiméireachta ar Fhoireann Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna.
1.3.4	An tAonad Dearbhú Cáilíochta i mBO&O Phort Láirge agus Loch Garman a fhorbairt chun tacú le forbairt cúrsa, le nuálaíocht, le hanailísíocht sonraí agus dearbhú cáilíochta i mBO&O. I gomhpháirt le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann: Tuairisc Féinmheasúnaithe Feidhmiúcháin agus Plean Feabhais Cáilíochta a ullmhú, a	- Tá an Tuairisc Féinmheasúnaithe Feidhmiúcháin agus an Plean Feabhais Cáilíochta ullmhaithe agus táthar ag déileáil arís le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. - Cruthaíodh feidhm Anailíseachta Sonraí laistigh den aonad DC. - Tá tús curtha ag Music Generation Phort Láirge agus Loch Garman le forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí Chreata Cáilíochta bunaithe ar thaighde

thacóidh le forbairt Bord Rialachais um Dhearbhu Cáilíochta i mBO&O Phort Láirge agus Loch Garman. Obair a dhéanamh le comhlachtaí creidiúnaithe eile cosúil le City & Guilds, Cidesco, Red Seal, srl. Chun deiseanna foghlama nuálacha a fhorbairt.	ghníomhach laistigh de chlár chun cleachtadh sáreifeachtach a chinntiú ina bhfuil modheolaíochtaí féinmheasúnaithe cuimsithe. - In 2019, rinne Music Generation Phort Láirge scrúdú ar bhonn píolótach den chlár trí pharaiméadair ardcháilíochta, lena n-áirítear éifeachtúlacht oideolaíochta agus rannpháirtíocht.
---	---

Tosaíocht Straitéiseach 1.4: Nascanna idir oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhunú agus a chur chun cinn		
Gníomhaíochtaí Straitéiseacha		Torthaí 2019
1.4.1	Plean Ógtheagmhála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí phróifíl chuimsitheach maidir le riachtanas daoine óga a chur le chéile agus struchtúr a fhorbairt chun seirbhísí ógtheagmhála comhtháite a sheachadadh.	- Lean BO&O Phort Láirge agus Loch Garman leis an bplean Ógtheagmhála 2017-2019 a chur i bhfeidhm, atá mar bhonn faoi obair na Foirne Ógtheagmhála de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman. - Aistríodh aon tionscadal déag a bhí faoi bhainistíocht na FSS go dtí BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar 1 Eanáir 2019, agus ina dhiaidh sin aistríodh ocht dtionscadal eile a bhí faoi bhainistíocht CDYSB. Mar thoradh, bhí 34 tionscadal don aos óg faoi bhainistíocht BO&O Phort Láirge agus Loch Garman in 2019. - In 2019, chríochnaigh foireann Gnóthaí Óige de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman an uirlis APSNAR don RLGÓ. Cuirfidh sé seo sonraí ar fáil chun cinntí a dhéanamh maidir le tionscadail faoin múnla maoinithe nua UBU, Do Spás D'Áit. - Rinne Comhordaitheoir BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ionadaíocht ar son coláistí iar-bhunscoile/Rannóg Oideachais ar an gCoiste Comhordaithe Gnóthaí Óige. - In 2019, chomhoibrigh Music Generation Phort Láirge le seirbhísí Ógtheagmhála i dTrá Mhór agus san Ionad Subla, i gCathair Phort Láirge, agus sa chaoi sin, chuir siad le rannpháirtíocht a bhí dírithe ar thionchar inmharthanach fiúntach d'fhoghlaimeoirí. - Leanann Music Generation Phort Láirge air caidrimh a fhorbairt le Seirbhís Phobail agus Óige Phort Láirge agus Tiobraid Árann Theas trí chur le rannpháirtíocht leanúnach san Ionad Iognáid de Rís agus tá sé mar aidhm clár comhpháirtíochta a fhorbairt amach anseo.
1.4.2	Tacú le seirbhísí eile a sholáthar sna ceantair ina bhfuil an gá is mó ann agus nach bhfuil ach seirbhísí teoranta iontu faoi láthair.	- San aighneacht a cuireadh isteach mar chuid den uirlis phróifíle cheantair, APSNAR, aithníodh Port Láirge Thiar agus Bun Clóidí mar cheantair ina bhfuil riachtanais iontu agus nach bhfuil tionscadal don aos óg ar bith iontu. - In 2019, bhí Music Generation Loch Garman ag obair i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, trí cheardlanna cumadóireachta amhrán a rith do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. - In 2019, réachtáil Music Generation Loch Garman clár ceoil ar bhonn póilóteach leis an Ionad Acmhainní Teaghlaigh BRILL – a chuireann seirbhísí ar fáil i mBaile Beag, i Lios Dúgáin agus i Larchville i gCathair Phort Láirge, chun tacú le leanaí agus le daoine óga sna pobail seo rochtain a bheith acu ar an gceol san Ionad Acmhainní Teaghlaigh.

1.4.3	Múnla dea-chleachtais a fhorbairt, a nascann an oideachas foirmiúil leis an oideachas neamhfhoirmiúil (Cláir Chríochnaithe Scolaíochta san áireamh) chun cur chuige iomlánach a chinntiú sna seirbhísí do dhaoine óga, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil an baol ann dóibh nach gcríochnóidh siad an scoil.	- Bhí rath ar an gcomhpháirtíocht idir BO&O Phort Láirge & Loch Garman agus CLG Loch Garman, agus seachadaíodh cláir spóirt agus folláine in ceithre cinn denár scoileanna iar-bhunscoile in 2019.
1.4.4	Lean le nascanna a fhorbairt idir ár gcoláistí agus ár n-ionaid le hIonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, agus an t-ionad nua atá molta do Shliabh Fhothart, Carraigh an Phoill, Loch Garman.	- Gníomhaíochtaí an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh ailínithe le cláir Breisoideachais agus Oiliúna. - Clár For-Rochtana tosaithe in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí.
1.4.5	Dul i mbun oibre go gníomhach chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh tionchar bunathraitheach ag Music Generation Loch Garman agus Music Generation Phort Láirge ar shaol leanaí laistigh den phobal áitiúil agus chun cláir cheoil thaibhithe a neadú i gcoláistí agus in ionaid de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.	- Tá Music Generation Loch Garman ag obair i gcomhpháirt le 30 bunscoil agus cláir phobalbunaithe ar fud an chontae, ag tairiscint cláir shaincheaptha agus tionscadail dírithe ar rochtain ar oideachas sa cheol taibhithe, ar an ionchuimsitheacht, ar an gcruthaitheacht agus ar an rannpháirtíocht. - Tá Music Generation Loch Garman ag forbairt clár amhránaíochta le Coláiste Kennedy; tá uirlisí ceoil curtha ar fáil chun tacú le Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí, agus tá sé beartaithe dul i gcomhar le hionaid Ógtheagmhála chun ceardlanna cumadóireachta amhrán a sheachadadh. Le tacaíocht ó phríomhoidí scoile, ó mhúinteoirí, SCP agus ón bhfoireann, tá moill cheoil iarscoile bunaithe ag Music Generation Phort Láirge lonnaithe i gColáiste Dhún Garbhán agus Coláiste Pobail N. Pól. Tá clár do ghaothuirlisí agus uirlisí práis á reáchtáil freisin ag Coláiste Pobail N. Pól a tharlaíonn i rith an lae scoile. D'oibrigh Music Generation Phort Láirge i gcomhar le Coláiste Pobail N. Pól chun cúrsa cónaithe a thairiscint do dhaoine óga a sheinneann gaothuirlisí agus uirlisí práis i nDeireadh Fómhair 2019. Tá sé beartaithe é a reáchtáil arís in 2020. - Tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí Music Generation Phort Láirge in 2019 agus anois tá tuairim is 3,800 leanbh agus duine óg ag glacadh páirte i gclár de chuid Music Generation Phort Láirge ar bhonn seachtainiúil i rith na bliana acadúla. I Meán Fómhair 2019 méadaíodh líon na gclár go dtí 21 bunscoil, meánscoil amháin, dhá hIonad Ógtheagmhála, Ionad Acmhainní Teaghlaigh amháin, dhá áis cúram leanaí, áis cúram leanaí amháin do leanaí le sainriachtanais agus Ionad Soláthar Díreach amháin. - Chuaigh Music Generation Phort Láirge i gcomhar le seirbhísí áitiúla agus le féilte trí Leabharlanna Loch Garman, agus táthar ag súil go gcuirfear leis an tionscnamh sin in 2020.

1.4.6	Le tacaíocht ón gclár ‘Éire Ildánach’ agus faoi threoir Cairt na nEalaíon san Oideachas (2013) de chuid ROS, déanfar forbairt ar chlár a thacaíonn le hindibhidiúlacht, folláine agus acmhainneacht chruthaitheach daoine óga sa phobal áitiúil.	- Oibríonn Music Generation Loch Garman i gcomhar le tionscadail atá á dtacú ag Éire Ildánach chun deiseanna san oideachas ceoil taibhithe a chur ar fáil agus indibhidiúlacht, folláine agus acmhainneacht chruthaitheach daoine óga a fhorbairt.
-------	--	--

Sprioc Straitéiseach 2

Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt: Bainfear é seo amach trí cinnte a dhéanamh de go gcuirimid ceannasaíocht den scoth mar aon le tacaíochtaí feidhmiúcháin agus riaracháin ardchaighdeáin ar fáil d'fhoireann ardspreagtha oilte, rud a chinntóidh go mbeidh taithí mhúinteoireachta agus foghlama ardchaighdeáin ag ár bhfoghlaimoirí agus ár mic léinn.

Tosaíocht Straitéise 2.1: Leanúint le hathchóiriú agus forbairt a dhéanamh ar struchtúr agus ar dhearadh eagraíochta		
Gníomhaíochtaí Straitéise		
2.1.1	I ndiaidh athstruchtúráil a dhéanamh ar fheidhm na seirbhísí tacaíochta feidhmiúcháin san ceithre eagraíocht cónasctha, dul i mbun oibre chun an struchtúr reatha a dhaingniú le foireann i bpost buan faofa, ar feitheamh faomhadh a fháil ón ROS maidir leis an dearadh nua eagraíochta.	- Críochnaíodh an clár Oiliúna agus Forbartha le haghaidh ceannasaithe foirne Grád VI agus Grád VII laistigh den rannóg Airgeadais, d'Acmhainní Daonna agus i Seirbhísí Corparáideacha, agus seachadaíodh cláir oibre bliantúla do gach réimse feidhmiúil. Dhírigh an oiliúint ar bhainistíocht tionscadal, bainistíocht foirne, ról agus freagrachtaí a shannadh do bhaill foirne agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí.
2.1.3	Cinnte a dhéanamh de go gcuirtear feidhm faofa TFC san áireamh chun na teicneolaíochtaí is úire a úsáid ionas go mbainfidh foghlaimoirí barr a gcumais amach agus an nuachóiriú san eagraíochta i gcoitinne a chur chun cinn.	- Ceapadh Ceannasaí Foirne don rannóg TF i mí Feabhra 2019. - Tús aite a thabhairt in 2020 d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm Straitéise TFC comhordaithe don eagraíocht.
2.1.5	Struchtúr comhordaithe a fhorbairt don Bhreisoideachas agus Oiliúint, mar aon le Plean Feidhmiúil a bhaineann leis, a thacóidh le feidhmeanna an Bhreisoideachais i mBO&O Phort Láirge agus Loch Garman a chomhtháthú, bunaithe ar an gcoincheap cur chuige 'foirne' a úsáid chun cláir a sheachadadh agus feabhas leanúnach a bhaint amach.	- Struchtúr comhordaithe don Bhreisoideachas i bhfeidhm. - Cur chuige pobalbhunaithe nua maidir le comhordú seirbhísí á reáchtáil ar bhonn píolótach i mBun Clóidí.

Tosaíocht Straitéiseach 2.2: Múnlaí maoinithe agus íocaíochta a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtúil

	Gníomhaíochtaí Straitéise	Torthaí 2019
2.2.1	Córas bogearraí nua a fhorbairt don chuntasaíocht, agus oiliúint a chur ar bhainisteoirí agus ar an bhfoireann mar is cuí, chun feabhas a chur ar thuairiscíocht na mbainistíochta airgeadais do choláistí. Córas íocaíochta ar líne a thabhairt isteach mar thosaíocht mar aon le próisis uathoibríocha cosúil le párolla páirtaimseartha agus íocaíochtaí taistil/maireachtála.	- Tugadh isteach oiliúint leanúnach don dá chóras - P2P i mBealtaine 2018, agus an córas nua SUN d'íocaíochtaí Taistil i Nollaig 2018. - Cead tugtha ag ROS maidir leis na céimeanna eile den chóras P2P a chur i bhfeidhm, do na modúil Soláthair, Orduithe agus Bainsitíocht Stoc. - Way2Pay ar fáil anois d'fhoghlaimeoirí de chuid Music Generation i bPort Láirge chun íocaíochtaí do ranganna ceoil a bhailiú.
2.2.2	Múnla maoinithe a fhorbairt don Bhreisoideachas agus don Oiliúint atá ailínithe le riachtanais mhaoinithe SOLAS, agus a chuireann maoiniú dóthanach ar fáil do chlár. Ar an gcaoi sin freastalófar ar riachtanais foghlaimoírí agus cuirfear feabhas ar bhuiséadú agus ar thuairisciú bainistíochta don Bhreisoideachas agus don Oiliúint.	- Feabhas curtha ar an maoirseacht a dhéantar ar thairiscint mhaoinithe SOLAS agus ar an gcur chuige buiséadaithe ag baint úsáide as cur chuige foirne na bainistíochta Airgeadais agus na bainistíochta Breisoideachais agus na hOiliúna. - Uathoibriú déanta den Athbhreithniú Lár-Bliana, den Athbhreithniú Tríú Ráithe agus den Ráiteas Comhardaithe. Múnla maoinithe SOLAS bainte amach trí úsáid a bhaint as uirlisí eolais gnó agus sonraí SUN agus SAP a imeascadh mar chuid den phróiseas deireadh míosa.
2.2.3	Buiséadú láraithe comhtháite a bhaint amach i ngach clár airgeadais.	- Buiséid eisithe do gach clár agus gach ionad Breisoideachais agus Oiliúna. - Buiséid nua Excel 'maighdeogacha' leathnaithe amach go dtí Oifigí Breisoideachais agus Riaracháin in 2019. Tráchtaireacht airgeadais curtha ar fáil do gach sealbhóir buiséid P2P i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair chun treochtaí agus iarratais a aibhsiú le haghaidh sealbhóirí buiséid.

Tosaíocht Straitéiseach 2.3: Forbairt leanúnach ar pholasaithe, agus rialachas agus comhlíonadh ardchaighdeán		
Gníomhaíochtaí Straitéiseacha		Torthaí 2019
2.3.1	Leanúint le tús áite a thabhairt do rialachas láidir san eagraíocht chun go gcomhlíonfar DES CL 18/15 (* agus 002/2019) (Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas BO&O) agus go bhfreastalófar ar riachtanais iniúchta agus tuairiscithe (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, iniúchadh inmheánach srl).	- Cuireadh i bhfeidhm an Cód Cleachtais nua le haghaidh Rialachas BO&O agus bhí seisiúin eolais ann do Bhord nua BO&O Phort Láirge agus Loch Garman agus don ardbhainistíocht maidir leis na hoibleagáidí breise a bhaineann leis an gcód nua. - Tá tús curtha leis an tionscadal Clár Sócmhainní Seasta agus táthar ag súil go mbeidh sé i bhfeidhm in 2020. - Tugadh oiliúint do scoileanna, d'ionaid agus d'oifigí maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).
2.3.2	Oibreoidh an coiste feidhmiúcháin le Cathaoirleach BO&O Phort Láirge agus Loch Garman chun a chinntiú go bhfuil an oiliúint chuí, an t-eolas agus an doiciméadú riachtanach ag baill Bhord BO&O Phort Láirge agus Loch Garman chun cinntí feidhme forchoimeáda a dhéanamh.	- Reáchtáladh seisiúin eolais ar rialachas BO&O le haghaidh bainisteoirí sinsearacha agus do Bhord nua BO&O Phort Láirge agus Loch Garman. Cuirfidh ETBI tuilleadh oiliúna ar fáil in 2020.
2.3.3	Plean soláthair a bhunú agus a chur i bhfeidhm mar aon le bunachar sonraí conartha bainteach don eagraíocht agus córas bainistíochta conartha struchtúrtha chun luach ar airgead agus comhlíontacht le treoirlínte soláthair náisiúnta a chinntiú.	- Críochnaíodh Plean Soláthair Corparáideach BO&O Phort Láirge agus Loch Garman i Ráithe 3 2019. Úsáidfear an plean seo mar bhunús chun tionscadail soláthair a chur in ord tosaíochta agus cuireadh isteach é freisin go dtí ETBI chun go n-úsáidfí é san anailísí earnála a dhéanann OGP.
2.3.4	Bunachar sonraí a bhunú le haghaidh polasaithe agus próiseas a bhunú chun polasaithe a athbhreithniú, a uasdátú agus a fhaomhadh, ar bhonn rothlach agus córasach, agus an bhéim curtha ar chéimeanna comhairliúcháin agus feidhmiúcháin.	- Tá ball foirne Grád VII ar an bhfoireann Rialachais agus Comhlíonadh freagrach as an mbunachar sonarí a bhainistiú chun polasaithe a thaifead, athbhreithniú a dhéanamh orthu, iad a thabhairt suas chun dáta, iad a fhaomhadh, agus as an gcomhairliúchán riachtanach a bhaineann leis sin. Earcaíodh ball foirne nua chun dul ar an bhfoireann Rialachais agus Comhlíonadh. - Tá Stiúrthóir OSD ina chomhchathaoirleach den Ghrúpa Seirbhísí Corparáideacha ETBI, agus cuimsítear rialachas agus comhlíonadh laistigh dena chuid cúraimí. Cinntíonn obair an ghrúpa seo go bhfuil cur chuige seasmhach ann go náisiúnta.

Tosaíocht Straitéiseach 2.4: Struchtúirí éifeachtacha maidir le bainistíocht riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
2.4.1	Cultúr bainistíocht riosca a neadú laistigh den eagraíocht agus Foireann Bainistíochta Riosca a bhunú a mbeidh freagracht aici Plean Gnó Bainistíochta Riosca a fhorbairt, tionscnaimh oiliúna maidir le bainistíocht riosca a eagrú, agus bainistíocht agus tuairisciú a dhéanamh i gcoinne na gClár Riosca corparáideacha, mar aon le Clár Riosca na gcoláistí agus an Bhreisoideachais.	- Tá forbairt déanta ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar a pholasaí Bainistíocht Riosca, ar Phlean Gnó Bainistíocht Riosca agus tá bunachar sonraí rochtana forbartha aige chun bainistiú a dhéanamh ar na Cláir Riosca le haghaidh an Bhreisoideachais, agus Scoileanna agus Seirbhísí Corparáideacha. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú go rialta ar na Cláir Riosca, agus tá maoirseacht ar bhainistíocht riosca déanta ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar son BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.
2.4.2	Comhaontuithe Seirbhíse agus/nó Meabhrán Tuisceana a fhorbairt bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla le gníomhaireachtaí seachtracha, lena bhfuil teagmháil airgeadais agus straitéiseach againn.	- Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir RLGÓ agus BO&O Phort Láirge agus Loch Garman le haghaidh Seirbhísí don Aos Óg. - Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir BO&O Phort Láirge agus Loch Garman agus gach ceann de na Tionscadail don Óige faoi threoir na foirne. - Meabhrán Tuisceana idir Music Generation Phort Láirge agus comhpháirtithe a sheachadaíonn cláir mar is cuí e.g. bunscoileanna.
2.4.3	Plean Sláinte agus Sábháilteachta éifeachtúil a chur i bhfeidhm don eagraíocht. Teagmháil a dhéanamh lenár gcoláistí agus ár n-ionaid, agus lenár n-árachóirí, chun riosca d'úsáideoirí, do chonraitheoirí agus custaiméirí na heagraíochta a íoslaghdú. Traenáil a thabhairt do bhainisteoirí i réimsí sláinte agus sábháilteachta agus saineolais.	- Lorg BO&O Phort Láirge agus Loch Garman tairiscintí chun clár Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine a fhorbairt don eagraíocht, agus tá gnólacht roghnaithe chun tacú le clár oibre a sheacadadh ar fud na heagraíochta. Cuirfear tús leis an obair seo, lena n-áirítear iniúchtaí scoile agus ionad san chéad ráithe in 2020.

Tosaíocht Straitéiseach 2.5: Infreastruchtúr agus foignimh: Pleanáil le haghaidh na riachtanas atá ann anois agus a bheidh ann		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
2.5.1	Foirgnimh scoile nua ardchaighdeán a sholáthar agus/nó síntí móra do Choláiste Selskar, Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Coláiste Bhaile an Droichid, Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí, Coláiste Pobail N. Pól, Coláiste Pobail N. Deaglún, Meánscoil San Nioclás and Coláiste Chathail Naofa chun freastal ar riachtanais oideachais an lae inniu.	- I mbun plé le ROS maidir le háis nua do Choláiste Selskar a sholáthar i gcomhar le Ag Foghlaim le Chéile.
2.5.2	Pleananna faoi leith le forbairt chun eolas a thabhairt maidir le soláthar reatha agus soláthar molta do raon clár Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear ionad Ógtheagmhála do Ghuaire agus áiseanna nua ilphléacsach in gCathair Loch Garman, i gCathair Phort Láirge agus in Inis Córthaidh.	- Athchóiriú faofa le haghaidh ionad Ógtheagmhála Ghuaire. - Léiriú spéise eisithe d'athchóiriú ar Ionaid Oiliúna. - Áis NZEB nua oscailte in Inis Córthaidh. - Fuarthas ráitis spéise i leith áiseanna ilphléacsacha i bPort Láirge agus i Loch Garman. Tá tairiscintí á gcur le chéile le faomhadh a fháil ónár maoinitheoirí i leith na bhforbairtí seo. Táthar tar éis teacht ar chomhaontú leis an tiarna talún áis nua Ógtheagmhála a sholáthar i nGuaire; Cead faighte ó ROS an léas a shíniú i leith na háise seo.
2.5.3	Cláir chothabhála straitéiseacha a fhorbairt do gach coláiste agus ionad.	- Lorg BO&O Phort Láirge agus Loch Garman tairiscintí chun clár Sláinte, Sábháilteachta agus Folláinte a fhorbairt don eagraíocht agus tá gnólacht roghnaithe chun tacú le clár oibre a sheachadadh ar fud na heagraíochta. Cuirfear tús leis an obair seo, lena n-áirítear iniúchtaí scoile agus ionad sa chéad ráithe in 2020. - Rachaidh na hiniúchtaí i ngleic leis an ngá atá ann le cláir chothabhála faoi leith san scoileanna agus sna hionaid.
2.5.4	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh ag Sliabh Fhothart, Carraigh an Phoill, Loch Garman a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman.	- Ag feitheamh ar chead a fháil ó ROS dul i mbun socrú léasa le Comhairle Contae Loch Garman maidir leis an áis seo.
2.5.5	Obair a dhéanamh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun úsáid fuinnimh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman a fheabhsú chun tacú le straitéis um éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí. Bogadh to dtí timpeallacht gan pháipéar mar thosaíocht.	- Tuarascáil bhliantúil curtha faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i scoileanna agus in ionaid de réir mar is cóir tuairisciú in aghaidh spriocanna a dhéanamh.

Sprioc Straitéiseach 3

Ár ndaoine ag obair le chéile: Timpeallacht oibre dearfach a chruthú, áit a n-oibríonn foireann ardcháilithe ar mhaithe le mic léinn agus foghlaimoirí, ag tabhairt aird mar is cuí ar luachanna BO&O Phort Láirge agus Loch Garman. Bunaítear é seo ar chultúr comhionannais, measa agus dínite san áit oibre, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ar chur chuige ‘is féidir liom’ agus oscailteacht agus meas i leith tuismitheoirí/caomhnóirí agus páirtithe seachtracha comhoibrithe.

Tosaíocht Straitéiseach 3.1: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
3.1.2	Deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil foirne a chur ar fáil mar thosaíocht dóibh siúd a bhfuil róil cheannasaíochta agus/nó post freagrachta acu laistigh den eagraíocht. Tacaíocht a thabhairt don fhoireann atá ag obair le líonraí náisiúnta ETBI agus acmhainneacht na foirne sin a fhorbairt ó thaobh na forbartha gairmiúla de.	- Ghlac APO páirt i gclár ceannasaíochta agus oiliúnaithe feidhmiúcháin, sna rannóga Airgeadais, AD agus Seirbhísí Corparáideacha. - Chuaigh ceannasaithe foirne Grád VI agus Grád VII i mbun oiliúna struchtúrtha agus forbartha clár i rith 2019. - Chuaigh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i mbun oiliúna ar cheannasaíocht oideachais, de réir chiorcláin agus <i>Ag Féachaint ar ár Scoileanna ‘Creat Cáilíochta (2016)’</i> - Tacaíocht dhírithe in dhá choláiste maidir le forbairt a dhéanamh ar ‘Foirne múinteoireachta agus Foghlama’. Sa dhá choláiste bhí AP1 agus AP2 nuacheaptha in áit. - Tá raon leathan deiseanna san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach curtha ar fáil ag Music Generation Phort Láirge don chuid is mó de na teagascóirí ceoil ina réimsí ábhartha féin. - Tá páirt glactha freisin ag Music Generation Phort Láirge in oiliúint chumarsáide, sna meáin shóisialta, sa scannánaíocht agus i sábháilteacht leanaí. - Bhí rochtain ag comhordaitheoirí Breisoideachais agus ag bainisteoirí ar Chlár Bainistíocht Mhaoirseachta in Institiúid Teicneolaíocht Phort Láirge agus ar chlár éagsúla i gColáiste na Ollscoile, Gaillimh.
3.1.4	Na tacaíochtaí maoinithe ROS do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile atá ann - iad a chur cun cinn agus scoileanna a spreagadh iad a úsáid, m. sh. an Clár Ionduchtúcháin Náisiúnta do Mhúinteoirí (NIPT), agus seirbhísí a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta, Ionaid Oideachais agus tlonad Ceannasaíochta Scoile ar fáil.	- Tacaíocht tugtha do gach coláiste iar-bhunscoile de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman sa Chlár Droichead.
3.1.6	Fóram Malartú Eolais a reáchtáil dhá uair sa bhliain d’oibrithe deonacha túslíne agus d’Oibrithe don Aos Óg íoctha chun go roinnfidh siad smaointe agus dea-chleachtas.	- Bhí Comhairliúchán ann go luath in 2019 leis na tionscadail neamhspleácha faoi threoir foirne maidir leis na rudaí a leanas: - o Córas maoinithe nua don obair don aos óg ón Roinn Oideachais agus Scileanna

		○ Teagmháil le daoine óga LADT agus seirbhísí a sheachadadh dírithe orthu - An t-athrú aeráide agus tionscnaimh atá ar bun ag daoine óga ina bpobal áitiúla féin.
3.1.7	Acmhainneacht a fhorbairt don fhoireann chun go gcuirfidís san áireamh ina gcuid clár, scileanna tábhachtacha na haoise seo, lena n-áirítear fiontraíocht, foghlaim ar feadh an tsaoil, scileanna digiteacha agus comhoibriú.	- Baintear úsáid fhorleathan as an ardán Office 365 inár scoileanna, inár n-ionaid agus inár n-oifigí chun a chinntiú go ndéantar scileanna na 21ú aoise a imeascadh gan uaim inár glcáir. - Bhí ceardlann lae NZEB ann do mhúineoirí ábhar praiticiúil inár gcoláistí iar-bhunscoile. Bhí an deis ag na múinteoirí bualadh le chéile mar fhoireann a mhúineann na hábhair chéanna agus nascanna idir coláistí a chruthú.
3.1.8	Ár mbunluachanna a chur chun cinn sa ghnáthobair a dhéanann an fhoireann agus mórtas a chothú san eagraíocht i measc na foirne agus an phobail foghlama i gcoitinne.	- Tá ár mbunluachanna le feiceáil ar mhórán cainéal cumarsáide, lena n-áirítear inár ndoiciméid earcaíochta agus i gcuir i láthair agus ag ócáidí a eagraíonn BO&O Phort Láirge agus Loch Garman. - Reáchtáladh cruinnithe do Phríomhoidí go rialta in 2019. - Ritear ceardlanna fóraim Breisoideachais trí huair in aghaidh na bliana do bhainisteoirí agus do chomhordaitheoirí Breisoideachais, agus bíonn circa 70 rannpháirtí i láthair. - Bhuailead ceannasaithe foirne ón rannóg Airgeadais, AD agus Seirbhísí Corparáideacha le chéile uair sa ráithe in 2019 i gcruinniú oibríochtaí.

Tosaíocht Straitéiseach 3.2: Foireann ardcháilithe a earcú agus a choimeád

Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
3.2.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar gach próiseas earcaíochta agus córais agus próisis chuí a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais BO&O Phort Láirge agus Loch Garman (m. sh. earcaíocht ar líne, poist a fhógairt go tráthúil).	- Meitheal Tasc do Ghnáthaimh Roghnúcháin bunaithe.

Tosaíocht Straitéiseach 3.3: Cultúr sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc na foirne

	Gníomhaíochtaí Straitéise	Torthaí 2019
3.3.1	Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr sláinte agus folláinte a neadú san áit oibre. An fhoireann a spreagadh go gníomhach maidir leis seo. Obair a dhéanamh chun a chinntiú go gcuireann an timpealleacht phisiciúil leis an bhfolláinte san áit oibre.	- Cuireadh chun cinn an tSeirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe don fhoireann go léir. - I Meitheamh i rith seachtaine na Forbartha Gairmiúil Leanúnaí do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, bhí lá ann don Fholláine agus don Fhéinchúram. - Tugadh isteach cleachtadh foirne bunaithe ar an aclaíocht mar chuid den imeacht a reáchtáiltear dhá uair sa bhliain don fhoireann riaracháin chun tacú leis an bhfolláine san áit oibre.
3.3.2	Deiseanna a chur chun cinn do gach ball foirne ar mhaith leo úsáid a bhaint as seirbhísí comhairleoireachta más cuí chun cabhrú leo déileáil le agus dul i ngleic le deacrachtraí san áit oibre.	- Cuireadh chun cinn an tSeirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe don fhoireann go léir agus dá dteaghlaigh. - Bainfear úsáid as an Inlíon foirne (le críochnú in 2020) chun deiseanna a chur chun cosúil le seirbhísí comhairleoireachta don fhoireann.
3.3.3	Léiriú Intinne BO&O Phort Láirge agus Loch Garman a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil BO&O Phort Láirge agus Loch Garman tiomanta prionsabal na gcearta daonna agus an chomhionannais a neadú ina chuid oibre.	- D'fhoilsigh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman a Pholasáí Comhionannais i Márta 2019.
3.3.4	Cinntiú go bhfuil cláir phleanála don scor ar fáil don fhoireann agus go dtugtar aitheantas don fhoireann as a gcuid seirbhíse don eagraíocht nuair a théann siad ar scor.	- Ceiliúradh an ócáid scoir bhliantúil chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne a chuaigh ar scor agus chun iad a chomórath as an am a chaith siad le BO&O Phort Láirge agus Loch Garman sa tseirbhís phoiblí. - Sceideáladh agus cuireadh chun cinn Seimineáir phleanála scoir don fhoireann go léir.
3.3.5	Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a thabhairt isteach chun neartú foirne agus feasacht tras-eagraíochtúil a chur chun cinn ag gach leibhéal san eagraíocht (m. sh. 'In Harmony' Ceolchoirm Foirne agus Mac Léinn, Comórtas Lúthchleasaíochta BO&O Phort Láirge agus Loch Garman).	- Tharla Craobhchomórtas Raoin & Faiche BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar 1 Deireadh Fómhair ag Mol Inis Córthaidh agus bhí formhór ár gcoláistí iar-bhunscoile i láthair. - Reáchtáladh Imeacht leathbhliantúil don fhoireann riaracháin sa Coachhouse, Coill Mhic Thomáisín, Port Láirge agus i Wells House, Loch Garman in 2019. - Chuaigh tionscadail Music Generation Phort Láirge agus Loch Garman i gcomhar lena chéile chun comhseisiún ionductaithe a sholáthar do bhaill foirne nua. Áiríodh leis seo achoimre ar BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, ar an eagraíocht, a struchtúr, ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus próifíl na bhfoghlaimeoirí.

Sprioc Straitéiseach 4

Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú buan a chothú agus a fhorbairt trí ionadaíocht a bheith againn ar, agus obair go maith ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha, le gníomhaireachtaí, le leasanna gnó, le ceardchumann, le grúpaí pobail agus leis an earnáil dheonach.

Tosaíocht Straitéiseach 4.1: Líonrú straitéiseach leanúnach agus buan		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
4.1.2	Baill foirne agus/nó baill a ainmniú mar is cuí chun ionadaíocht a dhéanamh ar son BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar chomhlachtaí seachtracha, agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil nós imeachta cuí i bhfeidhm maidir le tuairisciú.	- Ionadaíocht ag Scoileanna/Coláistí ar Choiste Oideachais Co. Loch Garman, faoi stiúr Forbairt Áitiúil Loch Garman. - Ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar Choiste Stiúrtha Comhpháirtíocht Cleachtaí Ceartaitheacha Loch Garman. - Ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar an nGrúpa Oibre de chuid CYSPC. - Comhoibriú feabhsaithe le LCDC sa dá chontae, le Plean Gníomhaíochta Thoir Theas le haghaidh jobanna, le Fóram na Scileanna Réigiúnacha Thiar Theas agus le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann .
4.1.3	Cinntiú go bhfaigheann an fhoireann cead roimh ré ón Ardbhainistíocht roimh dul i mbun comhaontaithe thar ceann BO&O Phort Láirge agus Loch Garman le gníomhaireachtaí seachtracha.	- Gach comhaontú faofa ag leibhéal na hArdbhainistíochta.

Tosaíocht Straitéiseach 4.2: Comhoibriú éifeachtach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit

Gníomhaíochtaí Straitéise	Torthaí 2019
4.2.1 Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Coimirce Sóisialaí, TUSLA, an Roinn Cirt agus Comhionannais, NEPS, NCSE, chun a chinntiú go n-oibrímid de réir polasaí náisiúnta, agus chun acmhainní a uasmhéadú le haghaidh misin BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.	- Bhí bainisteoirí agus cleachtóirí Breisoideachais agus Oiliúna gníomhach i réimse grúpaí comhairleacha urraithe ag SOLAS agus ETBI. - Ionadaíocht ag Scoileanna/Coláistí ar Choiste Oideachais Loch Garman, faoi stiúr Forbairt Áitiúil Loch Garman. - Ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar an nGrúpa Oibre Oideachais de chuid CYPSC. - Ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar Líonra Sheirbhísí Teaghlaigh agus Leanaí (Inis Córthaidh agus Bun Clóidí). - Ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar ghrúpa oibre den tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta i Loch Garman a dhéanann mionscrúdú ar idirghabhálacha luath do luathfhágálaithe scoile.
4.2.2 Comhoibriú go dlúth le Comhairle Contae Phort Láirge agus Loch Garman chun a chinntiú go bhfuil ailíniú agus comhoibriú ann idir aidhmeanna áitiúla agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí áitiúla atá faoi chúram BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.	- D'oibrigh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman go dlúth le Comhairle Contae Loch Garman agus le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar roinnt tionscadail agus tograí. - Is samplaí iad Music Generation Loch Garman agus Music Generation Phort Láirge de dhá chlár ina raibh comhoibriú idir na húdaráis áitiúla agus BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, agus mar thoradh air sin tá torthaí buan agus rathúla le brath sa dá phobal.
4.2.3 Comhoibriú le fóraim réigiúnacha ábhartha chun cur leis an bhforbairt leanúnach ar an earnáil oideachais agus oiliúna (m. sh. Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, Fóram Scileanna Réigiúnacha Thoir Theas, Plean Gníomhaíochta Thoir Theas le haghaidh Jabanna).	- Bhí rannpháirtíocht ghníomhach ag baill na Foirne Ardbhainistíochta ar fhóraim réigiúnacha, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar an bhFóram Scileanna Réigiúnacha agus LCDC i bPort Láirge agus i Loch Garman.
4.2.4 Comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal a chothú agus a fheabhsú, go háirithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach maidir le cúrsaí comhleasa, lena n-áirítear deiseanna chun dul ar aghaidh do mhic léinn, acmhainní a roinnt agus réitigh a lorg ar ghanntanas múinteoirí i réimsí ábhar áirithe.	- Tá comhaontuithe maidir le dul chun cinn i bhfeidhm ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach a chuireann deiseanna maidir le dul chun cinn ar fáil d'fhoghlaimeoirí. - Chomhoibrigh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ar chomhaighneacht a chuir siad faoi bhráid SOLAS agus a raibh mar aidhm aige dul i ngleic leis an líon mac léinn sa chéad bhliain a éiríonn as go luath i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge agus in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. - Tá coimhoibriú idir Music Generation Phort Láirge agus Ceol Phort Láirge agus le Roinn an Cheoil in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun an

		rochtain a éascú ar laethanta oscailte ceoil in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, agus ar cheolchoirm scoile más féidir.
--	--	---

Tosaíocht Straitéiseach 4.3: Comhoibriú éifeachtach le leasanna pobail agus gnó		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
4.3.1	Deiseanna a thapú go gníomhach chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh. BO&O Phort Láirge agus Loch Garman a chur chun cinn mar phátrún Scoileanna Náisiúnta Pobail ar fud an réigiúin.	- Aistríodh pátrúnacht Scoil Náisiúnta Phobail Chill na Manach go rathúil i Lúnasa 2019.
4.3.2	Caidreamh a fhorbairt agus a fheabhsú le bunscoileanna áitiúla.	- Chuaigh an t-ionad EROC i mbun prótacail aistrithe nua le bunscoileanna áitiúla. Tá mic léinn iar-bhunscoile an ionaid ar rolla Choláiste Dhún Garbhán. - D'oibrigh Music Generation Phort Láirge agus Loch Garman i gcomhar le os cionn 50 bunscoil ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge agus Loch Garman, ag obair le leanaí go seachtainiúil ar uirlisí ceoil agus ar ranganna ceol gutha. Áit if féidir, seachadaíodh na cláir bhunscoile i ngrúpaí istigh sa scoil iar-bhunscoile áitiúil de chuid BO&O Phort Láirge agus Loch Garman. Tharla roinnt tionscnamh a bhí bunaithe ar thionscadail agus ar thaibhiú i mbunscoileanna a roghnaíodh go speisialta in 2019. Sna pleananna atá ann do 2020, cuirfear tuilleadh béime ar dheiseanna san oideachas ceoil a fheabhsú do leanaí ag leibhéal na bunscoile.
4.3.4	Deiseanna a phlé chun go dtacódh coláistí leis an bpobal áitiúil trí úsáid a bhaint as foirgnimh agus áiseanna na gcoláistí taobh amuigh d'uaireanta gnó (m.sh. clubanna obair bhaile, grúpaí tuismitheoirí srl)	- Tá tacú faighte ag Music Generation Phort Láirge ó Choláiste Dhún Garbhán agus Colaiste Pobail N. Pól chun dhá mhol iarscoile don oideachas ceoil a rith, rud a chuirfidh seirbhísí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga taobh amuigh d'uaireanta scoile. Cuireadh na háiseanna seo ar fáil do Music Generation Phort Láirge um thráthnóna i rith na seachtaine, ó am go ham ag an deireadh seachtaine, agus chun críche cúrsa aon uaire cónaitheach do ghaothuirilís agus d'uirlisí práis.
4.3.5	Comhoibriú le leasanna gnó agus tionscail, lena n-áirítear Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Comhlachais Tráchtála, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Rotary Alliance, SICAP, LEADER, Seirbhísí Óige agus eagraíochtaí spóirt chun a chinntiú go bhfuil ábharthacht ag baint lenár gclár oideachais agus oiliúna, agus chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn agus d'foghlaimeoirí.	- Tá ionadaíocht ag BO&O Phort Láirge agus Loch Garman ar Chomhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus ar Chomhpháirtíocht Spóirt Loch Garman. - Is ball é BO&O Phort Láirge agus Loch Garman de na Comhlachais Tráchtála a leanas - Loch Garman, Cathair Phort Láirge, agus Dún Garbhán & Port Láirge Thiar.

4.3.6	Dul i gcomhar le leasanna gnó agus tionscail chun cláir uasoiliúna ábhartha a sholáthar don fhórsa saothair reatha.	- Ba mhór an chabhair an teagmháil a bhí againn le leasanna tionscail chun roinnt denár gcláir a fhorbairt, lena n-áirítear NZEB, REVIT agus táthú plaistigh. - Reáchtáladh cruinnithe réigiúnacha le hearnálacha gnó chun an tionscnamh Skills to Advance a chur chun cinn. Bhí teagmháil ghníomhach ann le tuairim is 500 fostóirí printísteachta.
-------	---	---

Tosaíocht Straitéiseach 5.1: Eolas a sholathar go tráthúil atá dírithe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
5.1.1	Struchtúr cumarsáide a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear grúpa stiúrtha agus Comhordaitheoir Cumarsáide a thacóidh leis an straitéis chumarsáide.	- Grúpa Stiúrtha Cumarsáide i bhfeidhm. Earcaíodh Oifigeach Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí i mí Iúil 2019.
5.1.2	Na hacmhainní is gá a chur ar fáil chun tacú leis an straitéis chumarsáide, lena n-áirítear tacaíocht oiliúna agus airgeadais.	- Foireann Chumarsáide i bhfeidhm chun tacú le hobair an Oifigigh Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí. - Buiséad bliantúil sannta chun an straitéis chumarsáide a chur i bhfeidhm.
5.1.3	Plean Bliantúil Cumarsáide a fhorbairt nasctha leis na spriocanna straitéiseacha.	- Plean cumarsáide bliantúil forbartha.
5.1.4	Meicníochtaí a fhorbairt chun aiseolas a lorg ó fhoghlaimeoirí, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha, agus freagairt air.	- D'eagraigh BO&O Phort Láirge agus Loch Garman seisiúin fócasghrúpa agus bhain sé úsáid as suirbhéanna chun aiseolas a bhailiú ó fhoghlaimeoirí, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha (m.sh. próiseas comhairliúcháin Cairt Custaiméirí). - Rinne Music Generation Phort Láirge suirbhéanna ar líne le baill den ensemble chun tacú le forbairt cláir amach anseo. - Baineadh úsáid as foirmeacha aiseolais chun aiseolas a bhailiú ó theagascóirí i ndiaidh ócáidí aon uaire de chuid Music Generation Phort Láirge.
5.1.5	Suíomh gréasáin BO&O Phort Láirge agus Loch Garman agus suíomhanna gréasáin na gcoláistí/na n-ionad a chaighdeánú, agus bainistíocht a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus ar an ábhar a chuirtear ar na meáin shóisialta agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil sé suas chun dáta agus ar ardchaighdeán.	- Tá baill den Fhoireann Chumarsáide freagrach as cuntais mheán sóisialta a bhainistiú. - Déanann Music Generation Loch Garman agus Phort Láirge bainistíocht ar agus tá sé gníomhach ar roinnt ardán meán sóisialta atá nasctha le BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, lena n-áirítear Facebook, Twitter, Instagram agus YouTube.
5.1.6	Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí oiriúnacha agus nuálacha, na meáin shóisialta san áireamh, ar mhaithe le cumarsáid ghasta agus éifeachtach.	- Tá raon ardán meán sóisialta ag Music Generation Loch Garman a fuarthas rochtain orthu trí theicneolaíochtaí oiriúnacha agus nuálacha. - Déanann Music Generation Loch Garman agus Phort Láirge bainistíocht ar agus tá sé gníomhach ar roinnt ardán meán sóisialta atá nasctha le BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, lena n-áirítear Facebook, Twitter, Instagram agus YouTube.

Tosaíocht Straitéiseach 5.2: Meicníochtaí níos éifeachtúla a fhorbairt don chumarsáid inmheánach		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
5.2.4	Deiseanna a fhorbairt chun go mbeidh cumarsáid aghaidh ar aghaidh níos minicí ann idir an fhoireann fheidhmiúcháin agus príomhoidí/bainisteoirí sinseareacha i gcoláistí agus in ionaid.	- Bhí cruinnithe príomhoide ann go rialta in 2019, le Stiúrthóirí Scoile, PF agus baill den Fhoireann Ardbhainistíochta. - Bhí cruinniú ann uair sa ráithe do bhainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna agus bainisteoirí AD chun cleachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun déileáil le saincheistanna.
5.2.5	Spiorad pobail láidir a chothú i measc na foirne a oibríonn laistigh de BO&O Phort Láirge agus Loch Garman.	- Nuachtlitir leathbhliantúil forbartha do BO&O Phort Láirge agus Loch Garman, a chuireann i láthair an mhúinteoireacht, an fhoghlaim agus tionscnaimh ata ag tarlú i scoileanna agus in ionaid Breisoideachais agus Oiliúna mar aon le feihdmeanna riaracháin. - Bhí ócáidí leathbhliantúil ann don fhoireann riaracháin in 2019 sa Coachhouse, Coill Mhic Thomáisín, Co. Loch Garman agus i Wells House, Co Loch Garman. Ag na hócáidí seo bíonn cainteoirí inmheánacha agus seachtracha agus bíonn deis ann don fhoireann aithne a chur ar a chéile. Ina theanna sin, bíonn deis ann cúrsaí a phlé lasmuigh de na gnáthteorainneacha foirne. Bíonn gníomhaíochtaí foirne ann, mar shampla rothaíocht, boghdóireacht, ukulele a sheinm agus amhránaíocht. - Thacaigh Music Generation Loch Garman le Lá Foirne leathbhliantúil BO&O Phort Láirge agus Loch Garman trí dhá cheardlann ceoil a eagrú, a thug an fhoireann le chéile do thaibhiú ceoil mar chuid den lá, a chuir neartú foirne i láthair agus a chuir le neartú muiníne.

Strategic Priority 5.3: To develop more effective external communications mechanisms.		
Gníomhaíochtaí Straitéise		Torthaí 2019
5.3.2	Liosta iomlán a fhorbairt de gach cúrsa atá ar fáil agus cinnte a dhéanamh de go ndéantar é a nuashonrú mar is gá agus go bhfuil teacht air go héasca ar líne	- Gach cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna liostaithe ar FETCH.ie
5.3.3	Go bhfreastalóidh príomhbhaill foirne ar thaispeántais phoiblí sa réigiún agus go mbeidh taispeántais agus ábhar bolscaireachta ardchailíochta acu.	- D'fhreastail foireann Breisoideachais agus Oiliúna go rialta ar thaispeántais agus ar chruinnithe neamhfhoirmiúla fostóirí. - Bhí Music Generation Loch Garman agus Phort Láirge feiceálach go maith ag ócáidí áitiúla agus réigiúnacha, m.sh. Tower & Tails, Cruinniú na NÓ agus Samhraidh sa Chathair 2019.



wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Waterford and Wexford
Education and Training Board

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799